
ÚDARÁIS ÁITIÚLA UÍBH FHÁILÍ

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2006

*'Sé atá mar aidhm againn oibriú lámh ar lámh le muintir
Uíbh Fháilí chun Seirbhís den scoth a chur ar fáil.*

An Clár
Brollach

- Caibidil 1 Iompar agus Seirbhísí Bonneagair
Bóithre & Seirbhís Iompair
Seirbhísí Uisce
- Caibidil 2 Tithíocht, Seirbhísí Sóisialta, Pobail & Cultúrtha
Tithíocht
Ealaíona
Seirbhís Leabharlann Chontae
Pobal & Fiontraíocht
- Caibidil 3 Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch
Oidhreacht
- Caibidil 4 Seirbhísí Timpeallachta
Timpeallacht
Seirbhísí Tréidliachta
Seirbhísí Tine
Cosaint Sibhialta
- Caibidil 5 Seirbhísí Corparáideacha & Acmhainní Daonna
Seirbhísí Corparáideacha
Acmhainní Daonna
Páirtíocht
- Caibidil 6 Córais Eolais
- Caibidil 7 Airgeadas
Cáin Ghluaisteán
- Caibidil 8 Comhairle Bhaile an Tulaigh Mhóir
Comhairle Bhaile Biorra
Comhairle Bhaile Éadan Doire

Tuairisc Bhliantúil 2006 de chuid Údarás Áitiúil Uíbh Fháilí

**COMHAITHEASC AN CHATHAOIRLIGH AGUS BHAINISTEOIR AN
CHONTAE**

**An Comhairleoir Gerard
Killally
Cathaoirleach**

**Niall Sweeney
Bainisteoir Chontae**

**Pat Gallagher
Bainisteoir Chontae**

Tá an-áthas orainn Tuairisc Bhliantúil 2006 de chuid Údarás Áitiúil Uíbh Fháilí a sheoladh. Tá eolas ar fáil ins an tuairisc seo faoi na seirbhísí atá á soláthar ag an gComhairle, ag a bhail tofa, ag a fhoireann agus ag a ranna.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis na baill tofa agus le foireann na Comhairle agus leis an bpobal go forleathan chun forbairt a dhéanamh ar Chontae Uíbh Fháilí ag am seo na ndeis agus na ndúshlán.

Bliain eachtrúil go maith don gComhairle ab ea í agus í ag iarraidh seirbhísí de ard-chaighdeán ar chostas éifeachtach a sheachada. Léiríonn scála agus éagsúlacht na gníomhachtaí don bhliain forbairt leanúnach Uíbh Fháilí mar chontae bríomhar, mealltach.

Ghluais an tionscnamh um Sheac-Bhóthar An Tulaigh Mhóir ar aghaidh chuig Chéim Ullmhúcháin na Tairisceana le 60% den dtalamh ceannaithe.

Tar éis dul i gcomhairle go forleathan leis an bpobal ghlac na baill le Fo-dhlíthe 2006 (Contae Uíbh Fháilí)(Teorainn Luais) um Thrácht Bhóthar in Iúl 2006. Tháinig na Fo-Dhlíthe seo i bhfeidhm ar an 13ú Nollag 2006 mar aon le teorainn luais athruithe ag 36 suíomh atá ann cheana agus teorainn luais nua ag 17 áit nua laistigh den gcontae.

Thosaigh an chéad chéim de athlonnú Chlós na n-Innealra/Stóras ó shuíomh lár an bhaile ag Sráid Chormaic go dtí an suíomh ag imeall an bhaile ag Baile an Droichid ar Bhóthar Faoisimh an Iarthair leis na Stórais ag athlonnú go dtí an suíomh nua i Mí na Samhna 2006 agus beidh an Clós Innealra ag athlonnú ann in Eanáir 2007.

d' Oscail an t-Aire Airgeadais, An t-Uasal Brian Cowen, an Leabharlann Nua agus na h-Oifigí Sibhialta ag Bóthar Wilmer, Biorra ar an 8ú la de Mhí na Nollag 2006. Fuair an Chomhairle seilbh ar Chlochar na Trócaire Naoimh Eoin, mar a bhí, agus dhein sí athruithe tuisceanacha air don Seirbhís Leabharlanna de chuid an Údaráis Áitiúil.

Seoladh Fráma Oibre na Forbartha Straitéisí do Thairseach Lár Tíre (ATM) ullmhaithe ag Indecon i Mí na Nollag 2006. Cuireadh an tuairisc seo go foirmiúil os comhair an Rialtais agus leagann sé amach nirt agus laigí na m-Bailte Tairseacha Lár Tíre ATM agus na gníomhartha éagsúla straitéiseacha atá riachtanach chun fhís Tairseach Lár Tíre mar atá sonraithe san Straitéis Náisiúnta, Spásúil a bheith aimsithe.

Bá mhaith linn moladh faoi leith a ghabháil le Niall Sweeney as bheith i gceannas ar an gComhairle mar Bhainisteoir an Chontae le deich mbliain anuas, ina raibh athruithe móra ann don rialtas áitiúil, agus dá dhíograis agus dá thiomantas do obair na Comhairle trí an Contae a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Ba mhaith linn an ócáid seo d'úsáid chun moladh a thabhairt don Iar-Chathaoirleach Peter Ormond, dos na baill tofa, don bhainistíocht agus don bhfoireann-idir lasmuigh agus laistigh, dá ndíograis, dá gcomhoibriú agus dá dtacaíocht in eiseachada seirbhísí na Comhairle le linn 2006.

Gerard Killally
Cathaoirleach

Niall Sweeney
Bainisteoir Chontae

Pat Gallagher
Bainisteoir Chontae

Cruinnithe Coiste ar Pholasaí Straitéiseach

Bhí cúig cinn de chruinnithe ag Coiste Polasaí Straitéisigh Bhóthar agus Bonneagair i 2006. Ins an Coiste seo tá cúig Bhall de Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí agus ceathrar ball ón bPobal agus ins an áireamh ann tá Comhairle Bhaile an Tulaigh Mhóir, Gnó/Tráchtáil, Forbairt/Tógáil agus Pobal/Deonach/Míbhuntáiste.

Phléigh an Coiste na nithe seo a leanas i 2006:-

- Measúnú ar Riachtanais-Seirbhísí Uisce
- Caomhnú ar uisce
- Baint an Phobail ag Scéimeanna Bóthar (CIR)
- Athbhreithniú ar an dTeorainn Luais
- Soilse Poiblí
- Comharthaí Bóthar ag na Scoileanna
- Scéimeanna Áitiúla Feabhsúcháin
- Faid Radhairc le h-aghaidh chúiseanna pleanála

h-Aontaíodh ag an gcruinniú ar an 3ú Iúil 2006 gur chóir an polasaí faoi shoilse Poiblí a chur os comhair Chruinnithe iomláin an Chomhairle Chontae.

Aidhm

Daoine agus earraí a thógáil ó áit go h-áit go h-éifeachtach agus go sábháilte.

Straitéisí

Clár a chur i bhfeidhm chun gréasán bhóithre an chontae a fheabhsú agus a chothabháil mar aon le soilse poiblí agus comharthaí.

Gnéithe faoi fhorbairt inmharthana a shnaidhmeadh inár bpolasaí bóthar.

Córas ceadúnais tacsáí agus ceadúnas fruilchairr éifeachtach a riaradh

Córas Scéime Feabhsaithe Áitiúla atá cóir agus éifeachtach a chur i bhfeidhm.

Páirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthar a chur chun cinn.

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fháilí freagrach as chothabháil agus leasú **2,064 km. de bhóithre** sa Chontae. Tá an gréasán bóithre briste síos mar seo a leanas:

Príomha Náisiúnta	19.76 km.
Tánaisteach Náisiúnta	120.91 km
Réigiúnach	346.13 km
Contae	1,577.14 km

I 2006 fuair Comhairle Chontae Uíbh Fháilí **scar iomlán de €40,735,973.00** i leith na m-Bóithre Náisiúnta agus Neamh-Náisiúnta sa Chontae. **As** seo tháinig **€1,463,347.00 ó chiste Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí féin** agus an chuid eile ón Roinn Chomh-Shaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus ó Údarás Náisiúnta na m-Bóithre.

Soláthraíodh €5,900,000 le h-aghaidh Fheabhsúcháin Speisialta do Bhóithre Neamh Náisiúnta mar Dheontais Speisialta ag An Roinn Chomh Shaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil dos na h-oibreacha seo a leanas:-

- **Bóthar Ceangail Beannchar** -Críochnú de chuid a 1 (1.8 Km.) ó Bóthar Biorra go Bóthar Lus Maigh
- **An Tulach Mór/Géisill**- Críochnú ath-líne 1km den mbóthar R402 ar an mbóthar isteach go Géisill ón d-Tulach Mór chomh maith le cur isteach smachtú tráchta ar na bóithre go léir isteach go dtí an tsráid.
- **Sráideanna Clóirtheach**- Ath-phábháil na sráideanna agus cuid de eastáit tithíochta i g-Clóirtheach chomh maith le suiteáil áiteanna trasnaithe bhóthair do choisithe ar Bóthar Bhéal Átha an Chumair agus ar Bóthar Chill Bheagáin.
- **Bóthar Faoisimh Inmheánach Éadan Doire** imithe chomh fada le pleanáil agus dearadh
- **Droichead Uí Spolláin, An Tulach Mór** Imithe chomh fada le dearadh agus pleanáil agus ullmhúchán doiciméid an chonartha.

Sholáthar Údarás Náisiúnta na m-Bóthar (UNB) cistíocht de luach €25,575,000 do Scéimeanna Móra Bóthar Tánaisteach agus do Mhion-Oibreacha Feabhsaithe dos na tionscnaimh seo a leanas:-

- Seachbhóthar an Tulaigh Mhóir agus Bóthar Ceangail Chill Bheagáin
- Tuairisc ar Phábháil agus ar mheasúnú na mbealach N52, N62, agus N 80
- Feabhsú ar phábháil ar an N52 ón Liathróid Ghorm go dtí Cúinne na Leisce
- Feabhsú na pábhála ar shráideanna an Tulaigh Mhóir
- Feabhsú na pábhála ar an N62 ó Chrosaire Ros Ghail go dtí an Clochán
- Feabhsú na Pábhála ar an N62 idir Biorra agus Ros Cré

Pleanáladh agus tosaíodh ar Bhearta Sábháilteachta ar Bhóithre Príomha agus Tánaisteacha Náisiúnta, á maoiniú ag Údarás Náisiúnta na m-Bóthar (UNB) ag na h-Ionaid seo a leanas:-

- N6 ag Dochall
- N6 ag an Tobar, An Móta
- NP/NT Bacainní Cosanta ag droichid Éagsúla
- N 52 Méarchlár ag an Tulach Mór
- N 52 Cill Chormaic Ceansú Tráchta
- N 62 Baile Léighean, Biorra
- N 62 An Clochán Ceansú Tráchta
- N 62Cóireáil bhealaigh
- N 80 Cill Chuarsa, Clóirtheach
- N 80 Teach na g-Colúr, Cill Aichidh

Dearadh agus cuireadh i bhfeidhm Scéimeanna Chostais Ísle chun tionóiscí a sheachaint a bhí maoinithe ag An Roinn Chomh Shaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, ag na h-ionaid seo a leanas

- Droichead Bhaile Chuimín, An Tulach Mór
- Doire Bhile, Cúl a' tSúdaire
- Ó Bhreacánach go dtí Nahana, Cúl a tSúdaire
- An Clochán
- Cros-Bhóthar Chorra Ghlan, Beannchar
- Droichead Chois Aidhne/Acomhal
- Droichead a' Mhuilinn, Biorra

- Droichead Bhaile Mhic Comhainn, An Tulach Mór
- Droichead Chluanad, An Tulach Mór
- Droichead Chluanad, An Tulach Mór
- Baile na Cúile, An Ród
- Droichead Coill an O An Tulach Mór
- Droichead Poney, Suí an Róin

Oibreacha Cré-Bóthar Faoisimh Beannchar Aibreán 2006

Críochnaithe-Bóthar Faoisimh Beannchar Nollaig 2006

Scéimeanna Áitiúla Feabhsúcháin

Ceadaíonn an scéim seo feabhas a chur ar bhóithre nach bhfuil faoi smacht Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí a thugann rochtain do ar a laghad dhá phaiste talún gur leis nó i seilbh daoine difriúla gafa le gníomhartha talmhaíochta nó ar bhonn ghnóthaí bhaint an fhómhair. Bé €306,000 an scar a fuarthas ón Roinn Chomh Shaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Cheadaigh sé seo, le cabhair an scair ó Clár, naoi scéim dhéag, ón liosta príomha de seasca, do bheith tosaithe i 2006.

Baint an Phobail le Scéim Oibreacha Bóthar

Tá de chead ag an gComhairle suas le 7½% den scar iomlán a chaitheamh ar chothabháil athchóirithe/ath-thógáil ar bhóithre ina mbeadh ionchur de acmhainní ó phobail áitiúla. Tá de dhualgas ar na pobail áitiúla thíos-mhéid de 25% a chur isteach sa scéim in airgead nó in íocaíocht chomh-chineál. Cheadaigh an scar de €286,000 (71,500 do gach ceantar) do Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí roinnt scéimeanna a chur ar siúl i ngach ceantar.

Athbhreithniú a an teorainn Luais

Tar éis bheart comhairliúcháin fhorleathain ghlac baill de Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí ag a gcuinníú míosúil, a bhí ar siúl ar an 17ú Iúil 2006, le Fo-Dhlíthe, 2006 um Thrácht Bhóthar (Teorainn Luais)(Contae Uíbh Fháilí). d' Athraigh na Fo-Dhlíthe seo an teorainn luais ag 36 ionad a bhí ann agus cuireadar teorainn luais nua ar bun ag 17 ionad nua laistigh den Chontae. Tháinig na Fo-Dhlíthe i bhfeidhm ar an 13ú Nollag 2006.

Sláinte agus Sábháilteacht

Chuir an Reachtaíocht ar Shláinte agus ar Shábháilteacht i leith na n-oibreacha bóthar dualgais agus freagrachta troma ar fhoireann theicniúil Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí i 2006 Dá dteastódh ó Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí cloí ina iomlán leis an Reachtaíocht a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht faoi láthair beidh costais bhreise, mhóra ó 10% go dtí 15% de bhun-chostais scéimeanna na n-oibreacha bóthar orthu. Laistigh des na costais bhreise seo beidh costais do fhoireann theicniúil bhreise chun riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a shásamh i ngach Ceantar.

Soilse Gealánacha i gceantair CLÁR

Fuarthas scar de €35,000 le h-haghaidh soilse gealánacha a shuiteáil ag cúig scoil i gceantair CLÁR i 2006. Cuireadh na soilse seo i bhfearas go luath i 2007.

Soilse Poiblí

d' fhorbair an SPC de chuid Iompair agus Bonneagair Polasaí faoi Shoilse Poiblí i 2006. Meastar go mbeidh costais chaipitil agus chothabhála réasúnta ard bainteach le cur i bhfeidhm an pholasaí. Ullmhófar tuairisc ar chaiteachas caipitil agus cothabhála i 2007.

Trádáil Chorr

Ghlac an Chomhairle le Fo-Dhlíthe Chorr-Thrádála i 1996, faoi réir ag an Acht um Chorr-Thrádála, 1995. Tugann na Fo-Dhlíthe an cumhacht don gComhairle ceadúnais a thabhairt amach le h-aghaidh Chorr Thrádála, chomh maith lena smachtú, a rialú agus bainistíocht a dhéanamh air. Tá tríocha ceathair ceadúnas corr thrádála i bhfeidhm don suíomh ainmnithe do chorr thrádáil in Éadan Doire. Bíonn an Margadh ar siúl ar an gcéad Mháirt de gach mí.

	<i>Údaráis Áitiúla Uíbh Fháilí</i>	
R: Bóithre	<i>TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSÍ</i>	
R.1		2006
	Bóithre áitiúla agus réigiúnacha le dromchla nua (sa bhliain)(méadair chearnaithe)	561100
	% Bóithre áitiúla agus réigiúnacha le dromchla nua (sa bhliain)	5.536

Seirbhísí Uisce

Aidhm

Seirbhísí uisce agus fuíll uisce, nuair is gá, atá riachtanach i leith aidhmeanna forbartha áitiúla sóisialta agus eacnamaíoch ar ard chaighdeán, a sholáthar

Straitéisí

- Leanúint ag feabhsú bhonneagar seirbhísí uisce chuig an caighdeán uisce is airde ar fáil
- Bonneagar uisce agus séarachais a sholáthar chun forbairt sa todhchaí a shásamh
- Scéimeanna soláthar uisce agus séarachais a rith agus a chothabháil ar ard caighdeán ag baint úsáid as cleachtais oibre nua aimsire, éifeachtach.
- Cur i bhfeidhm Chlár Uisce na Tuaithe trí riaradh Deontas agus For-Dheontas na n-Grúpa-Scéime agus trí chabhair Rannóg na n-Grúpa-Scéim; soláthar Scéimeanna Beaga; riaradh Scéim an t-Soláthair Uisce Aonaraigh (Deontas Tobair).
- Talamh le seirbhísí air a sholáthar chun tacú le forbairt chónaitheach.

- Cláir a bhaineann le caomhnú uisce agus le bailiúchán fuíll uisce agus a chóireáil a chur i bhfeidhm.
- An cleachtas is fearr sa ndearadh, i bpleanáil agus i mbainistíocht uisce agus fuíll uisce a chur i bhfeidhm.

Caighdeán an Uisce

Déanadh caighdeáin na scéimeanna agus scéimeanna grúpa-uisce a scrúdú d'fhonn a dheimhniú go mbeadh caighdeán an uisce in-ólta den chruinn riachtanais i gcónaí. Déantar monatóireacht leanúnach ar an uisce poiblí. Déanadh an mhonatóireacht de réir Rialúcháin na b-Pobal Eorpach (Uisce In-ólta), 2000 (I.R. 439 de 2000).

Déanadh monatóireacht leanúnach ar scéimeanna séarachais phoiblí de réir riachtanas Rialúchán Fuíoll Uisce Uirbeach agus Riachtanas GCC.

Táscairí Seirbhísí

E.2 Céatadán de thorthaí anailís an uisce in-ólta ag réiteach le riachtanais reachtúla i leith	
Scéimeanna Poiblí	(Níl sé ar fáil)
Scéimeanna Príobháideacha (nuair is cuí)	(Níl sé ar fáil)
Ráta iomlán réitithe:	(98.5%)

Chonacthas dul chun cinn ar na tionscnaimh mhóra seo

Scéim Séarachais an Tulaigh Mhóir

h-Ullmhaíodh doiciméid do thuas-ghrádú an Fhearais Chóireála Fhuíll-Uisce go dtí 30,000 PE. Tosaíodh ar RTC do thuas-ghrádú breise don bhFearas Cóireála Fuíll Uisce go dtí 15,000 P.E.

Feabhsúcháin do Sholáthar Uisce an Tulaigh Mhóir-Céim a 5

Seoladh Tobar Saileoige.

Scéim Séarachais Róid

Tosaíodh ar Dhoiciméid Chonradh.

Scéim Eatramhach Séarachais Róid

Tógáil na Scéime nach mór críochnaithe.

Plean Bainistíochta Sloda

Beidh tógáil ionad mhoil an Tulaigh Mhóir déanta mar chuid de Scéim Séarachais an Tulaigh Mhóir.

Tá oibreacha éigeandála críochnaithe, nach mór.

Scéim Fheabhsúcháin Séarachais Biorra

Réamh-Thuairisc faighte le h-aghaidh a h-aighnithe don R.C.S.R.A.

Scéim Shéarachais Biorra (Píblínte)

Scéim á Tógáil

Tá tógáil ionad satailíte an Fhéar Bháin agus Éadain Doire críochnaithe.

Tionscnamh Caomhnaithe Uisce

Céim a 1 críochnaithe. Iarratas le aghaidh mhaoinithe do Chéim a 2 aighnithe do R.C.S.R.A.

Tionscnamh méadar Uisce Neamh-Chónaitheach

An Conradh le h-aghaidh suiteála na méadar uisce fós ar siúl.

Scéim Sholáthar Uisce do Biorra

An Réamh-Thuairisc aighnithe do R.C.S.R.A. dá moladh.

Oibreacha Soláthar Éigeandála Uisce Biorra

Scéim Shéarachas Éadain Doire

Réamh-Thuairisc aighnithe don R.C.S.R.A. dá moladh. Cead faighte chun dul ar aghaidh le Réamh-Phíobán Séarachais Éadan Doire agus doiciméid an chonartha aighnithe don R.C.S.R.A. dá moladh.

Scéim Shéarachas Éadain Doire-Fearas Inghlactha sloda

Scéim Thosaithe

Scéim Shéarachas Éadain Doire - Dear Tóg Rith

Scéim á tógáil

Togra Talamh le Seirbhísí Éadain Doire

Scéim á tógáil.

Scéim Réigiúnach Sholáthar Uisce Éadain Doire/An Róid

Cead faighte do thuas-ghrádú na scéime faighte i Nollaig 2006 trí an RTC.

Scéim Shéarachais Uimhir a 1 de chuid Ghrúpa Bailte & Sráidbhailte Uíbh Fháilí- Staidéar Féidearthachta

(Béal Átha Chomair, Beannchar, An Lios Dearg, Daingean, Cionn Eitigh, Muine Gall, Droichead na Sionainne, Suí an Róin agus Cill Chormaic).

Tá Innealtóirí Comhairleacha ceaptha don Réamh-Thuairisc

Scéim Sholáthar Uisce de chuid Ghrúpa Bailte & Sráidbhailte Uíbh Fháilí- Staidéar Féidearthachta

(Raithean, Dún Cairin, Muine Gall, Cnocán Bhólais, Géisill, Cionn Eitigh, Cúil Doire, Cluain Bholg agus Inis na mBreatnach).

Tá Innealtóirí Comhairleacha ceaptha don Réamh-Thuairisc.

Scéim Séarachais Chluain Bholg

Scéim chríochnaithe.

Bhí dul chun cinn mar a leanas le feiceáil i rannóg na n-Grúpa Scéime:

Fuarthas Bloc-Dheontas de €1,982,000 i 2006 faoin gClár Uisce Tuaithe.

Bhí na scéimeanna nua grúpa uisce á dtógáil i 2006:

Ráth Eaglaise- Céim a 3

An Chearta Bhán S.U.G.

Cill Chrua S.U.G

Baile an Chláir S.U.G

Déanadh thuas-ghrádú arna scéimeanna grúpa uisce a leanas i 2006

Breacánach S.U.G.

Cill Aichidh/Cluain Uí Gabhann S.U.G

Baile na nGar S.U.G.

Baile an Chillín.S.U.G.

Deontais Tobar/Soláthar Uisce Tí

Cabhraíonn an Chomhairle le teaghlaigh chun uisce tí i bpiopaí a sholáthar nó chun easpaí san gcóras atá ann a réiteach atá in úsáid chun uisce don dtigh a sholáthar i dtithe atá níos sine ná seacht mbliain d'aois, nó níos sine trí dheontas chomh h-ard le €2,031.58, nó 75% de chostas na h-oibre, pé acu is ísle. San bhliain 2006 díoladh 14 deontas ar chostas €5,939.73.

AN RANNÓG THITHÍOCHTA

Ról na Roinne

Tá uimhir áirithe de róil tábhachtacha ag An Rannóg thithíochta i gcás lóistín a sholáthar agus ag cur feabhas ar lóistín dóibh siúd nach bhfuil ar a gcumas é a dhéanamh as a n-acmhainní féin. Oibríonn An Rannóg chuig na haidhmeanna sainiúla in ár bplean cúig bliana do thithíocht Sóisialta agus In-acmhainneach 2004-2008.

Is iad na príomh imeachtaí laistigh den Rannóg ná tithíocht sóisialta in-acmhainneach a sholáthar go lom díreach, cabhrú leis an roinn tithíochta deonacha, úinéireacht dod bhaile féin a spreagadh trí iasachtaí tithíochta agus deontais do dhaoine aonarach agus iad siúd le riachtanais sainiúla san áireamh, An Scéim Lóistín Cíosa a bhunú ag soláthar réimse lóistíní, le rogha, don lucht Taistil dul i ngleic le fadhbanna na ndaoine gan dídean, agus a bheith ag cur bainistíocht eastáit chun cinn in eastáit tithíochta na n-údarás áitiúil agus i lóistín an lucht taistil.

Tithíocht Sóisialta

Cuireadh 98 aonad lóistín ar fáil do dhaoine gan tithe i 2006 trí chumaisc dár gclár tithíochta díreach, aonaid sóisialta Cuid a V a thógáil chucu féin, ceannach aonad dara-lámhach agus trí fholúntais fhánacha a dháileadh amach.

Tithíocht In-Acmhainneach

Fuarthas 13 aonad in-acmhainneach Cuid a V i rith na bliana 2006, i dtimpeallacht Thulach Mhóir, Chúil a' tSúdaire agus Éadan Doire. Cuireadh críoch le 16 aonad in-acmhainneach i rith na bliana a thóg Contae Uíbh Fháilí i g-Clóirtheach agus i gCill Chormaic agus seoladh iad go hoifigiúil i Mí na Márta. Cuireadh teach taispeántais ar fáil ins an dá fhorbairt a bhí oscailte don phobal ar feadh roinnt deireadh seachtainí, le hoifigí tithíochta i láthair chun moltaí faoi airgead do mhorgáistí 7rl. a chur ar fáil.

Oscailt Oifigiúil Scéim Thithíochta In-acmhainneach Chluain Fia i g-Clóirtheach

Scéim Cheannach na d-Tionóntaí

Tugann an scéim cheannach na dtionóntaí na Comhairle bealach do thionóntaí na n-údarás áitiúil, a dtithe a cheannach, ach a bheith faoi riar ag critéir áirithe. Cé is moite de eisceachtaí áirithe is féidir le tionóntaí na n-údarás áitiúla cur isteach ar a dtithe a cheannach tar éis a bheith in a dtionóntaí iontu ar feadh bliana. Ceannaítear tithe glan díreach amach ón gcomhairle ar luach an mhargaidh le lacáiste do gach uile bhliain tionóntachta, gan dul thar thuas-mhéid de 10 mbliana.

Deontais do Dhaoine ar Mhí-Chumas

Tá deontas na ndaoine ar mhí-chumas ar fáil do iarrthóirí cáilithe chun feabhas a chur ar a dtithe chun fóirithint ar dhuine sa chlann ar mhíchumas. Chaith an comhairle €1.2m, go hachomair ar an scéim seo i 2006 agus chabhraigh siad le 86 iarrthóirí.

Fadhb na ndaoine gan dídean

Oibríonn An Chomhairle leis na contaetha lár-tíre eile in ár gcomharsanacht go dlúth leis na Pobail Síomóin Lár-tíre agus cuireann sí an t-airgead ar fáil le haghaidh an chostais a ghabhann le fostú Oibrithe for-Rochtana/Oifigigh Lonnaithe a oibríonn go sainiúil le cleithiúnaithe gan dídean agus go bhfuil an fhadhb sin ag goilleadh orthu agus go bhfuil sé dian orthu lóistín a fháil iad féin.

Bainistíocht Eastáit in Eastáit na nÚdarás Áitiúla

Tugadh suim iomlán airgid de €8000 do 9 gCumann Áitreabhach faoin ár scéim deontas i 2006. d' Eagraíodh cláir thraenála réamh-thionóntacht dos na tionónta go léir i rith na bliana.

Toghadh trí eastáit sa chontae Ardán Uí Mhaonaigh, Cill Chormaic. Eastáit N.Oilibhéir, Céisill agus Ardáin Radharc an Teampaill/Páirc na Coille Glaise, Éadan Doire i 2006 le haghaidh clár athnuachana de réir aidhmeanna an phlean 5 bliana. Cuireadh agallaimh ar siúl i rith na bliana, chun painéil ailtireachta a bhunú agus tá trí chomhlachtaí ailtireachta geall le bheith ceaptha chun tuarascáil réamh-oibre agus staidéar féidearthachta, a ullmhú, le cur faoi bhráid an RCSRA i 2007, chun 'stádas ainmniúcháin' a fháil do mhaoiniú dos na trí thionscadail seo.

Scéim Chiosa Lóistín SCL)

Tá Uíbh Fháilí ar cheann des na 8 n-údarás áitiúla a rinne promhadh ar an tionscnamh nua rialtais seo, go bhfuil sé mar aidhm aige slándáil tionóntachta a dheimhniú agus lóistín de chaighdeán níos fearr i gcomhair tionóntaí fad – théarmacha (eadhon. i gcoitinne iad siúd ag fáil cíosa ar feadh 18 míonna nó níos faide).

Coiste Polasaí Straitéiseach Chultúrtha & Sóisialta, Tithíochta

Tháinig an coiste seo le chéile sé uaire i rith 2006 agus déanadh moltaí faoi uimhir áirithe polasaithe i rith na bliana go raibh na nithe seo leanas in a measc:-

- Ealaín Thulach Mhóir/Áis Cultúrtha
- Straitéis agus Polasaí Súgradh do Chontae Uíbh Fháilí
- Maoiniú do chlóis shúgradh

- Scéim Thosaíochta Cíosa
- Plean Ealaíne Chontae Uíbh Fháilí
- Ag cur dea-chleachtas sa Tithíocht Deonach chun cinn.
- Scéim Deontais do Dhaoine ar Mhíchumas.
- Scéim Phointí Tithíochta In-acmhainn
- Polasaí ar dhíol láithreáin lán réidh ullamh

Achoimre de Phríomh Imeachtaí i 2006 faoi Aidhmeanna Straitéiseacha Phlean Chorparáideach

Ag soláthar ceannasaíocht sibhialta do Uíbh Fháilí agus dá mhuintir uile is cuma cén stáid nó cúlra in a bhfuilid

Uimhir na gcruinnithe CPS Cultúrtha & Sóisialta Tithíochta a thiomasaíodh	6
Uimhir na moltaí polasaithe a déanadh	9

Uasmhéadú Infheistiú táirgeachta agus sa tslí sin ag cabhrú chun poist mhaithe bhvana a chruthú sa Chontae

	53
Uimhir na n-aonad Údarás Áitiúil a chríochnaíodh i 2005	
Uimhir na n-aonad sóisialta Cuid a V a fuarthas	12
Uimhir na bhfolúntas fánacha agus fáltais dara-lámhach	33
Aonaid atá á thógáil ar an 31/12/06	61
Uimhir na dtithe in-acmhainneacha faighte/críochnaithe	29
Uimhir na n-iasachtaí tógála/tithíochta atá díolta	20
Uimhir na n-idir-bheartanna ceannach tionónta a chríochnaíodh	37
Uimhir scéim na liúntas morgáiste a ceadáíodh	13
Uimhir na suíomh príobháideach díolta	9

Ag déanamh áit phléisiúrtha, shábháilte thaitneamhach de Uíbh Fháilí chun bheith i do chónaí 's ag obair ann

Uimhir Cúirteanna eastát ag CLO ar chúiseanna bainistíochta eastát	41
Uimhir na ndeontas ceadaithe do chumainn áitreabhach na n-údarás	9

áitiúil	
Costas Chothabhála Tithíochta	€627,0243

Ag spreagadh comhtháthú sóisialta agus a bheith glactha ag an bpobal, laistigh agus mór-thimpeall an Chontae

Uimhir na ndaoine gan dídean gur tugadh cúnamh glan díreach dóibh ag an údarás áitiúil	134
Uimhir na gclanna Taisteal gur cuireadh lóistín ar fáil dóibh	18
Uimhir na réamh-chúrsaí tionónta a tionóladh	26
Uimhir na dtithe den údarás áitiúil curtha i dtreo chun cabhrú le áitreabhaigh le riachtanais sainiúla	4
Uimhir DID íoctá	86
Uimhir ERG íoctá	34

Forbairt agus soláthar sár-sheirbhísí

Tionscnaimh custaiméirí nua	<ul style="list-style-type: none"> • Ionadaí chúram chustaiméara lán-aimsire ar fáil ag cuntar poiblí
------------------------------------	--

Straitéisí cumarsáide éifeachtacha laistigh agus lasmuigh a fhorbairt agus a chur chun cinn

Tionscnaimh nua chun cumarsáide a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> • Ghlac páirt i ngréasán Cheannairí na Roinne • Bunaíodh Foireann Feidhmiúcháin Cuid a V Idir-ranna • Ghlac páirt i ngrúpa Idir Ghníomhaireachta (faoi dhea-thoil an CDB) • Ghlac páirt ag ullmhú straitéise ICT
---	---

Bainistíocht ar an gComhairle chun bheith in a áit mhaith agus éifeachtach le bheith ag obair ann

Traenáil foirne	<ul style="list-style-type: none"> • Láimhseáil Earraí • Traenáil Sábháilteachta • Traenáil Bhaile • Dínit san Ionad Oibre • Eolas ar Lítearthacht • Traenáil faoi phromhadh • PMDS • Láimhseáil Bhrú • Ailtireacht Ríomhaire-deisce (Dearadh bog-ábhar)
------------------------	---

Caiteachas ag baint le fáiltiú agus bronnadh do dhaoine cáiliúla agus i dtaobh imeachtaí speisialta a chur ar siúl atá gaolmhar le feidhmeanna na ranna

Nil

Sonraí faoi Bhronntanais a ghlac An Roinn Tithíochta i rith na bliana

Nil

SEIRBHÍS NA H-EALAÍNE

Is é aidhm an tSeirbhís Ealaíne de Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí ná a bheith ar fáil chun cabhrú agus a bheith ina catalaíoch do fhorbairt timpeallacht bhríomhar ealaíne sa chontae.

Feidhmíonn An tSeirbhís Ealaíne i gcomhar le ‘Straitéis Forbartha Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha 2002-2012’ de Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí chun

‘cabhrú le gnéithe cruthaitheacha samhlaíochta tallann agus traidisiúin gach uile dhuine in Uíbh Fháilí agus na meáin éagsúla in ar féidir iad a léiriú’

Is féidir na príomh spriocanna a baineadh amach i 2006 a choimriú mar seo leanas:

Forbairt ar áis cultúrtha agus ealaíne i dTulach Mór

Cuireadh iarratas chuig An Roinn Ealaíne Spóirt agus Trádála faoi ‘scéim ACCESS 11 le haghaidh airgead chaipitil i gcomhair ionad chomhtháite leabharlainne agus ealaíne do Chearnóg Uí Chonchúir. Fostaíodh An Comhairleoir Ealaíne Vincent O Shea, chun plean gnó indéanta a fhorbairt, fostaíodh Fergal McCabe, Comhairleoir Pleanála Bhaile chun deimhniú go bhféadfaí fóirithint ar riachtanais na healaíne agus na leabharlainne ar an suíomh agus chun scéimeanna a leagan amach chuige sin agus rinne MJ Turley Quantity Surveyors agus a Chomh-pháirtí an costas ar an gcuid chaipitil den tionscadal a mheas. Cuireadh iarratas isteach le haghaidh €6.2m.

Dealbhóireacht Loch Boora i d-Tailte na Páirce

Tugadh coimisiún do bheirt ealaíontóirí, David Kinnane agus Caroline Madden, dhá dhealbhóireacht buan a chruthú ar an suíomh go bhfuair an bheirt acu inspioráid os na sean túir fhionnuaire le Bord na Móna agus cruthaíodh iad taobh le taobh. Le linn na dtrí sheachtain ag saothrú d’oibrigh 20 d’fhostaithe Bhord na Móna go dlúth leis na healaíontóirí chun na dealbhóireacht a chur le chéile. Cuireadh an dealbhóireacht i d-Tailte na Páirce ar an ngearr-liosta le haghaidh na céad ghradam LAMA don Saothar Ealaíne/Dealbhóireachta is Fearr, sheol sé chomh maith líonláithreán nua www.sculptureintheparklands.com agus tugadh suntas dó i leabhar Thames Hudson Destination Art, mar cheann des na cinn scríbe ealaíne sa 100 is fearr ar domhan.

Rinceoir Chónaithe agus Compántas Rince na nÓg in Uíbh Fháilí

Do chríochnaigh Anita Cahill a saothar oibre in Aibreán le chomh-cur i láthair le Compántas Rince na nÓg Uíbh Fháilí in amharclann agus Ionad Ealaíne Biorra darbh ainm dó Variations on Contact. Lean an compántas rince na n-óg ar aghaidh chun tionscadal samhraidh de dhá sheachtain a dhéanamh agus chum siad cur i láthair nua rince darbh ainm About Face.

Tacaíocht agus Forbairt ar Ionad Ealaíne agus Amharclainne Biorra

Fuair Amharclann Biorra a céad suim airgid neamhspleách ón gComhairle Ealaíne agus méadú de 50% ó Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí. De bharr an teacht isteach bhreise bhí ar chumas na hamharclainne clár níos forbartha a chruthú in a raibh, rince na n-óg, scoil shamhraidh ROC agus tionscadail fhor-rochtana an phobail. Ins an gclár leis acu bhí roinnt cur i láthair bríomhar agus éagsúil ó cheoldrámaíocht puipéid go Paul Brady.

Ealaín sa tSláinte

Bhí fócas ollmhór sa chlár seo. Bhí ar cheathrar ealaíontóirí a bheith ag glacadh teagaisc leanúnach mar dhaoine chun cúrsaí sláinte a chur chun cinn. Tháinig na daoine a bhí páirteach ins an aonad altranais Phobail Biorra, Teach Uí Riada an IWA agus Teach Offalia, le chéile le haghaidh chomhthaispeántais ollmhór in Áras an Chontae i Mí Bealtaine dar theideal Lifescapes. d' Oibrigh An IWA freisin ar thionscadal le h-Iarsmalann na hÉireann de Ealaín Nua aimseartha agus ghlac an cúram orthu féin, taispeántas oibre le h-Ealaíontóirí Éireannacha mór le rá a léiriú darbh ainm *IMMA Outside by us* a bhí ar siúl in Áras An Chontae i Mí Aibreáin. Chruthaigh siad saothair, freisin, mar thoradh ar an dtaithe seo, a léirigh IMMA i mBaile Átha Cliath agus a osclaíodh ag Mary Cloake, Stiúrthóir an Chomhairle Ealaíne. Tháinig Ceantair Lár Tíre de FSS i gcabhair leis le suim mhór airgid don tionscadal, chun deimhin a dhéanamh de go leanfadh sé ar aghaidh i gcónaí.

Tacaíocht do Scéimeanna Ealaíontóirí

Fuair 16 ealaíontóirí tacaíocht airgid faoin scéim seo chun cabhrú leo ábhair a cheannach le costais taispeántais agus i gcomhair an méid ama a chaith siad ag déanamh taighde. Fuair an scríbhneoir, Eileen Casey Sparánacht Tyrone Guthrie chun go bhféadfadh sí dhá sheachtain a chaitheamh in Anna macarrig agus fuair ealaíontóirí Caroline Conway agus Eileen Maher a gcéad taispeántais ealaíne aonarach in Áras an Chontae. Bhí taispeántas ag an ealaíontóir idirnáisiúnta Jorn Ronnan, darbh ainm an Tionscadal Scriptorium i Mí Eanáir a chéad taispeántas aonarach in Éirinn a déanadh go hiomlán in Uíbh Fháilí.

Gradaim Drámaíochta

Fuair 8 gcinn de ghrúpaí drámaíochta agus de chumann cheoil airgead le haghaidh seónna a chur i láthair agus trealamh. Fuair Fiona Breen, ó aisteoirí Biorra agus Christopher Murphy, ó Ghrúpa Drámaíochta Clóirtheach, sparánacht chun freastail ar Scoil Shamhraidh Chumann Drámaíochta na hÉireann.

Tacaíocht don Fhéile

Chabhraigh an Oifig Ealaíne chun tús a chur le féile nua sa chontae, cuireadh Féile Cheoil lár-shamhraidh Dhroichead na Sionainne ar siúl i Mí an Mheithimh. Le tacaíocht riaracháin ó Pháirtíocht Iarthar Uíbh Fháilí chuir an pobal áitiúil, féile trí lá ar siúl, go raibh ceolchoirm i g-Cluain Mhic Nóis, le Anuna mar bhuaic-phointe. Fuair scoth Sheachtain agus Féile Ealaíne Biorra, Féile an Phoenix, Féile scéalaíochta Shliabh Bladhma agus Fleá Cheoil Uíbh Fháilí, tacaíocht agus airgead.

Ealaíontóirí ins na Bunscoileanna

Cuireadh scéim ealaíne trialach ar siúl do bhunscoileanna i 4 scoileanna ar fud an chontae Darú, Cill Aidhne, Breacánach agus i scoil na gCailíní sa Chloch i Biorra. Rinne 4 Ealaíontóirí tionscadal a cheapadh agus a mhúineadh agus chaith siad 3 uaire ag déileáil leis an ealaín i ngach uile scoil. Déanadh an triail a bhreith mheas agus déanfar é a fhorbairt níos mó i 2007.

Thug an Compántas Amharclainne Floating, cuairt ar thrí scoil, Scoil Eoin Pól, an Tulach Mór, Beannchar agus Daingean agus chaith siad seachtain iomlán ag obair i ngach ceann des na trí scoileanna. Do bhí 60 dalta i ngach scoil, ag obair le chéile ar an tionscadal seo ar an scríobh, an feisteas agus ar an gceol agus é go léir dírithe ar chur i láthair críochnúil in a bpobal féin.

Bealtaine, Féile Ealaíne do Sheanóirí

Cuireadh clár de imeachtaí ar siúl ar fud an chontae i Mí na Bealtaine ag an Oifig Ealaíona in a raibh ceolchoirmeacha le Cór Shoiscéal Thulaigh Mhóir taispeántais ranganna saothair scríbhneoireacht chruthaitheach, seanchaíocht agus ceol.

Sparánacht Mhuilte Lios Dearg

Thug An Chomhairle Ealaíona suim airgid i 2006 le haghaidh sparánacht idirnáisiúnta i Muileann Lios Dearg agus ba é an t-ealaíontóir Gaeil/Fionlannach an t-iarrthóir gur éirigh leis. Fuair beirt eile ealaíontóirí náisiúnta Ken Lambert agus Sue Williams sparánachta do 3 mhíonna saothar studio agus lóistín. Bhí taispeántas de shaothar na n-ealaíontóirí i studio Mhuileann Lios Dearg i Mí an Mheithimh chun an borradh agus an éagsúlacht i measc an phobal ealaíona atá anois ag saothrú ins Na Muilte a cheiliúradh.

Acht na nDeontas Ealaíona

Fuair 57 grúpaí phobail airgead faoi scéim seo chun imeachtaí ealaíona a eagrú agus chun páirt a ghlacadh iontu. Fuair eadar suimeanna airgid ó €800-€300.

Céatadán do Scéimeanna Ealaíona

Tugadh coimisiúin don ealaíontóir Jorn Ronnau ag Comhairle Chontae Uíbh Fháilí chun dealbhóireacht a chruthú i bhforbairt Tithíochta Chluain i g-Clóirtheach. Déanadh na dealbhóireacht a shnoí as crann feá, a leagadh ins an suíomh a cruthaigh sraith pailliúin sa chuid den bhforbairt ina raibh coill. Pailliúin Clóirtheach ab ainm dóibh agus léiríodh don phobal iad i Mí Meán Fhómhair. d' Oibrigh An Oifig Ealaíona ar a scéimeanna, chomh maith leis an Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre sa Tulach Mór, Aonad Altranais Phobail Biorra agus Scoil Náisiúnta Thobair ar bhonn for-rochtana.

Plean Ealaíona

Cuireadh críoch le dréacht de Phlean Ealaíona nua 5-bliana sa chontae 2007-2011 agus cuireadh é faoi bhráid an chomhairle i Mí na Samhna féachaint ar mhaith leo tuairimí an phobail faoi a mhúscailt. Déanadh an plean dréachta a fhorbairt trí úsáid a bhaint as ábhar thaighde sprioc cruinnithe le heagraíochtaí ealaíona áitiúla, cruinnithe le grúpaí fócais, cruinnithe leis An gComhairle Ealaíona agus le comhairleoirí Susan Coughlan agus Marian Flanagan. Bhí 3 chruinniú eolais ann i Mí na Nollag.

Tionscadal Chomhoibrithe Lártíre (Oifigí Ealaíona Uíbh Fháilí, Iarmhí Laois agus Longfort)

Seoladh an chéad eagrán den Iris chultúrtha agus Ealaíona Lár Tíre i Mí Iúil. Leagann an iris seo go bhfuil 32 leathanach ann béim ar éagsúlacht agus ar chaighdeán na dtionscadal ealaíona mór-thimpeall ag gceithre chontae agus is é a aidhm ná aitheantas cultúrtha níos mó a chruthú i lár na tíre. Foilseofar é 3 huair sa bhliain agus beidh sé saor in aisce.

Thosaigh scéim ceoltóra agus cónaithe le 4 ceoltóirí ag obair ins na 9 suímh chúram chónaithe i Lár Tíre, a déanadh a fhorbairt i gcomhoibriú leis an FSS agus Gréasán Cheoil.

Tá Ceol na h-óige ag forbairt i gcónaí i 9 n-ionaid mar chlár oideachais cheoil do thachráin 's do thuismitheoirí in éineacht leis an CGO.

Forbairt Cheoil

Thugamar Tacaíocht do thionscnaimh i 2006 a bhí ag iarraidh an ceol a fhorbairt sa chontae go díograiseach. **Sraith Cheol Aireagail an Gheimhridh Sraith Orgán Shamhradh Idirnáisiúnta Thulach Mhóir Cumann Ghramafón Thulach Mhóir agus Scoil ROC Thulach Mhóir.**

Scríbhneoireacht Chruthaitheach

d' Oibrigh an t-úrscéalaí Caroline Barry le grúpa scríbhneoireachta Cruthaitheacha óga, sa Tulach Mór ar feadh bhliain iomlán, ag múineadh dóibh na scileanna ceapadóireachta, carachtar agus forbairt plota. Foilsíodh a gcuid saothair uaidh sin i mbailiúchán darbh ainm: 'Stories from a twisted tree,' a sheoladh i Mí na Nollag.

Coimisiúin Scannáin

Cuireadh grúpa oibre le chéile i Mí Mheán Fhómhair chun féachaint conas a fhéadfaí tuilleadh scannáin a dhéanamh sa chontae agus féachaint conas suim níos mó i bhforbairt scannán a spreagadh laistigh den chontae. Is é cathaoirleach an ghrúpa ná an Cllr. Marcella Corcoran Kennedy agus is iad na baill ná an t-Oifigeach Ealaíona, daoine áitiúla atá proifisiúnta i dtaobh scannán agus daoine eile go bhfuil suim acu i bhforbairt scannánaíochta.

Seirbhís eolais agus tacaíochta do ghrúpaí proifisiúnta, amaitéaracha deonacha agus phobail agus daoine aonaracha

Tá an oifig ealaíona mar acmhainn do ealaíontóirí agus do eagraíochta ealaíona go bhfuil idir chomhairle, treoir agus eolas uathu faoi conas a gcleachtadh ealaíona a fhorbairt agus chur chun cinn. Tá an chuid seo den seirbhís bunaithe ar na prionsabail is fearr dá bhfuil ann i bhforbairt 'cuile shórt ealaíona agus tá sé mar aidhm aige muinín níos mó a chothú i modhanna den scoth agus i ndearadh na ndaoine proifisiúnta.

Táscairí Seirbhíse don Oifig Ealaíona i 2006

Daonra Iomlán 70604

Deontais Acht Ealaíona (AC1)

Deontais Acht Ealaíona	
Uimhir na n-Deontas a íocadh	40
Caiteachas Iomlán	€15,142
Luach iomlán na ndeontas 1000 den daonra	€214.46

Deontais eile (amharclann, Féilte Scéimeanna Ghradam7rl)

Uimhir na n-Deontas íochta	50
Buiséad Iomlán	€101098
Luach iomlán na ndeontas 1000 den daonra	€1431.90

Maoiniú na gClár (Tionscadail á reachta ag An Seirbhís Ealaíona)

Buiséad iomlán	€94904
Luach iomlán per 1000 den daonra	€1344.17

Caiteachas Sheirbhís Ealaíona eile ag an CCU

(Tuarastail, bainist. oifige, foilseacháin, treallamh7rl)	
Buiséad iomlán	€134793
Luach iomlán per 1000 den daonra	€1909.14

Caiteachas iomlán do Ealaíona i 2006 1000 den daonra

Buiséad Iomlán

€345937

Luach iomlán 1000 den daonra

€4900

LEABHARLANN AN CHONTAE & CARTLANNA

d' Oscail An tUasal Brian Cowen, Aire Airgeadais, An Leabharlann & Oifigí Sibhialta, go hoifigiúil ar an Aoine 8 Nollaig 2006. Tógadh Clochar na Trócaire N. Eoin mar a bhí sé idir 1846 agus 1856. deartha ag AWN Pugin agus a chríochnaíodh ag a mhac Edward Pugin agus George Ashlin. Tá a chuid ailtreachta tábhachtach ní hamháin go náisiúnta ach go hidirnáisiúnta, chomh maith. Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fháilí seilbh ar an sealúchas i 1996 chun leabharlann an bhaile agus na hoifigí sibhialta a chur isteach ann. Tá an leabharlann suite ar dhá urlár, ar an gcéad urlár mar a raibh an Séipéal Pugin ar dtús tá leabharlann na ndaoine fásta agus tá áit na leanaí ar an mbun urlár. Bíonn an leabharlann nua ar oscailt ar feadh 11 uaire breise sa tseachtain ionas go bhfuil iomlán de 35 uaire i mBiorra agus 189 in aghaidh na seachtaine ar fud an chontae.

Leabharlann nua, atá ina eiseamláir, de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí i m-Biorra

Tá seomra scéalaíochta ainmnithe i gcuimhne ar Violet Doolin (1942-1991) an chéad leabharlannaí i mBiorra ann, le spéir réaltógach chun atmaisféar a chruthú don chlár nua scéalaíochta a cuireadh ar siúl sa leabharlann nua le déanaí. Tá achar beag le haghaidh amharclann phuipéid curtha ar fáil dos na leanaí. i measc na n-áiseanna atá roinnte idir eatarthu, tá seomra na comhairle/seomra comhthionóil, an bealach isteach agus an chearnóg in ar féidir léachtaí seimineáir agus cruinnithe a chur ar siúl, ann. Tá cóip de Shoiscéil Macregol mar ghné-lár na leabharlainne, go bhfuil an bunchóip de á choimeád sa leabharlann Bodleian in Ollscoil Oxford.

Oscailt oifigiúil den Leabharlann nua agus des na h-Oifigí Sibhialta i m-Biorra 8 Nollaig 2006. Clé go deas: Mr Michael Campbell, Cathaoirleach, Comhairle Bhaile Biorra Mr Niall Sweeney, Bainisteoir an Chontae Comhairle Chontae Uíbh Fháilí Ms Olwyn Enright T.D, Councillor Percy Clendennen, Comhairle Chontae Uíbh Fháilí, Councillor John Carroll Comhairle Chontae Uíbh Fháilí, Mr Brian Cowen T.D Aire Airgeadais, Mr Tom Parlon T.D Mr. Gerard Killally, Cathaoirleach Comhairle Chontae Uíbh Fháilí, Ms Anne Coughlan Leabharlannaí an Chontae, Comhairle Chontae Uíbh Fháilí

Tionscadal Léarscáileanna Stairiúla

Tá suim ag gach aoinne i léarscáileanna stairiúla. Do sheol Mr. Dick Roche T.D. Aire Chomh-shaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil 'Suirbhé ordanáis na hÉireann- seirbhísí Féachana ar Léarscáileanna Stairiúla ins na Leabharlanna Poiblí anuraidh, a cuireadh ar fáil go rathúil ins na craobh-leabharlanna in Uíbh Fháilí i rith 2006.

Tá an tionscnaimh seo mar chomhoibriú idir An Comhairle Leabharlanna, An tSeirbhís Leabharlanna Phoiblí, Suirbhé ordanáis na hÉireann agus an Roinn Chomh-Shaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil. Leis an áis seo is féidir leis an bpobal, teacht ar an mbailiúchán iontach seo de léarscáileanna stairiúla a chlúdaíonn an chéad sraith den Suirbhé ordanáis do na 26 chontaetha. Tá siad so ar fáil ar

líne ins na craobh-leabharlanna sa Tulach Mór, Biorra, Éadan Doire, Clóirtheach, Beannchar, Fearbán, Cill Chormaic agus An Daingean. Clúdaíonn sé an tsraith léarscáileanna 6 orlach 1834-42 le dath agus i ndubh agus bán. Tá siad so cláraithe de réir an pharóiste le háis chuardaigh den scoth, gur féidir a bheith ag cuardach faoi na bailte fearainn leis.

Leabharlanna Ar-líne

Is féidir leis an bpobal teacht ar an idirlíon tríd an leathan-bhanda mar tá sé ar fáil sa Tulach Mór, Biorra, Clóirtheach, Beannchar, Fearbán, Daingean agus Suí an Róin.

Tá méadú suntasach in úsáid an idirlíon agus feidhmiúcháin ríomhaireachta le méadú de 28% ar an bhfigiúir i 2005. Tá na háiseanna seo in úsáid go forleathan ag na himircigh ag cur san áireamh daoine ón bPolainn, ón Bhrasáil, ó Laitvia, ón Phoblacht Seiceach, ón Rúis agus ón Liotuáin. Le gréasán de 55 pointe idirlíon ar fud an chontae tá ar a cumas ag an tSeirbhís Leabharlanna Chontae é rialtas a chur ar fáil gan stró.

Seirbhís Leabharlainne Scoile

Do thug An Roinn Oideachais agus Eolaíochta breis agus €40,000 dos na bunscoileanna chun stoic a cheannach. Cuireann Roinn na Scoileanna den Seirbhís Leabharlanna Chontae, seirbhísí leabharlainne ar fáil i 68 bun scoileanna sa chontae. Déanann foireann Roinn na Scoileanna na leabhair a thogha go cúramach chun freastail ar riachtanais scoil ar bith. Tugann mórán múinteoirí cuairt ar Roinn Leabharlanna na Scoileanna mar a dtugtar cabhair dóibh chun a rogha féin a dhéanamh agus tugtar comhairle dóibh ar an réimse acmhainní atá ar fáil.

Cultúr agus Cláir Fhor-Rochtana

Do chuir an fhoireann i seirbhís Leabharlann an Chontae tús le mórán clár cultúrtha, ghlac páirt iontu agus rinne bainistíocht orthu. Do shroich na cláir seo na daoine i ngach uile roinn den phobal ach go mór mhór leis an mbéim ar for-rochtain chuig óg agus aosta.

Ghlac leabharlann Chontae Uíbh Fháilí páirt san Fhéile bhliantúil Leabhar na Leanbh. Do chabhraigh sé le cur chun cinn an tseirbhís leabharlainne agus le Féile na Leabhar nuair a ceannaíodh agus a dáileadh amach ábhair a bhí deartha d'aon gnó chun é a chur chun cinn. Cuireadh an Comórtas “Design a Bookmark” ar siúl ar fud na tíre chun Féile Leabhar na Leanbh a cheiliúradh. Fuarthas breis agus 900 iontrálaithe. Bé an buaiteoir sa roinn faoi 10 mbliana ná Fiona Carroll Beannchar agus bé an buaiteoir sa roinn aon bhliain déag agus os a cionn ná Rhiagh Cleary Tulach Mór. Fuair ‘cuile buaiteoir éarlais leabhar de €50 agus bronnadh a nduaiseanna orthu i Leabharlann Thulaigh Mhóir ar an 3 Samhain 2006.

Foireann Leabharlann an Chontae leis na buaiteoirí sa chomórtas: “Design a Bookmark”: Nóirín Owen, foireann na leabharlainne, Tulach Mór, Rhiagh Cleary agus Fiona Carroll, buaiteoirí, agus Mary Hynes, foireann na Leabharlainne, Beannchar

Taispeántais a chuireadh ar siúl go forleathan in ár nGréasán de Chraobh Leabharlanna

- Bhí taispeántas díobh so leanas ins na Craobh Leabharlanna go léir: “Samuel Beckett Centenary” taispeántas a bhí ar iasacht ó Dhánlann Náisiúnta na hÉireann agus ‘The Mapping of Birr’ taispeántas léarscáileanna ón bhfoilseachán ‘An atlas of Birr’ (Áth Cliath 2005) le John Feehan agus Alison Rosse, a bhí á thaispeáint ins na Craobh Leabharlanna.
- Bhí taispeántais freisin i leabharlann Thulach Mhóir de rudaí mar: ‘Samuel Beckett Centenary’ ‘John McGahern -tribute’ ‘Bog of Allen’- Taispeántas, ‘ The Mapping of Birr’ -Taispeántas agus “Chasing Rainbows in the Slieve Blooms” ag an ngrianghrafadóir Michael McGrath, ón d-Tulach Mór, atá in a bhailiúchán de íomhánna saibhre ón áis tábhachtach aiceanta seo i lár na tíre.

- I measc na dtaispeántas Ealaíne an Phobail a bhí ar siúl i leabharlann Beannchar do bhí: '20 Banagher Portraits' Taispeántas Ealaíona le Niamh Bennett '7 steps to a green school' le Seán Duggan, Taispeántas Grianghrafadóireachta Loch Boora 'Birds of the Shannon Callows' Taispeántas Ealaíona le Michael Egan agus Taispeántas Grianghrafadóireachta chumann na nDaoine os cionn 55 Bliana d'aois 'Faces & Places' - Irish Travellers a photograhic exhibition'. Bhí an taispeántas seo de chaighdeán fíor ard agus bhí taispeántas na mbuaiteoirí sa Chomórtas Ealaíona Cumann Creidmheasa Beannchar, chomh maith.
- 'Pride of Place' Taispeántas i gcomhar le háitreabhaigh Radharc an Teampaill Éadan Doire. Taispeántas grianghraf ag leagan béim ar na himeachtaí a bhí ar siúl i gcomhar leis an gcomórtas Náisiúnta 'Pride of Place'.

Foilseacháin a seoladh i 2006 i gcomhoibriú le leabharlann Chontae Uíbh Fháilí

- 'From the quiet Annals of Daingean' a d'fhoilsigh John Kearney agus a seoladh i leabharlann an Daingin i Mí na Nollag 2006.
- 'Birr Review' agus 'The tunnel & Journeys through Elvish Realms' foilsithe ag Derek Fanning, seoladh iad araon i Mí na Nollag 2006.

Taifeadadh Fuaim RTÉ

- RTÉ taifeadadh Fuaim agus Modh i Leabharlann an Daingin, Eagraithe ag RTE, Leabharlann an Daingin, Pat Butler agus foireann Léargas. Déanadh taifeadadh den 'Dunne murder' a chan Rose Fox duine de mhuintir na háite

Cultúr agus Imeachtaí For-rochtana

- Bhí sraith de sheisiúin scéalaíochta do pháistí ins na leabharlanna go léir mar chuid de thionscnamh Faire Leanbh Uíbh Fháilí.
- Teach le chéile ghrúpa Chumann Anthony Trollope i leabharlann Bheannchair gur déanadh tagairt dó ins an Irish Times
- Do chuir an fhoireann i leabharlann Chontae Uíbh Fháilí modúl Leabharlainne ar fáil do theagascóirí litearthachta do dhaoine fásta CGO Chontae Uíbh Fháilí. Úsáidtear na leabharlanna mar ionaid theagaisc litearthachta idir bheirt agus tá bailiúcháin sainiúla curtha ar fáil i leabharlanna roghnaithe
- Ceardlann Potaireachta do Pháistí i leabharlann Clóirtheach i Mí Deireadh Fómhair le daltaí ó S.N.N Manchan gur éirigh go sár-mhaith leis
- Bhí traenáil do Ghrúpa Scortha Ghníomhach ar scileanna TE Bunúsach i g-Clóirtheach. d' Eagraíodh imeachtaí eile don Ghrúpa Scortha Ghníomhach seo mar chuid den Fhéile Ealaíona Náisiúnta Bealtaine go raibh beo-cheol agus cóiriú bláthanna ann dóibh chomh maith.
- Bhí Preasagallamh de Chumann Forbartha Clóirtheach & Ceantair i Leabharlann Clóirtheach i dtaobh Rás Rothaíochta FBD.
- Mar chuid de Fhéile an Daingin taispeánadh scannán an Athar Malachy Moran, gur scannán cartlanna é, atá i láthair na huairé san Roinn Staidéir Áitiúil de chuid Leabharlann Chontae Uíbh Fháilí. Bhí suim mhór ag mórán ann.
- Seisiúin Ealaíona agus Ceardaíochta i leabharlann Éadan Doire. Tionscadal trialach chun an méid suime atá ann a mheas. Déanadh crochtán balla darbh ainm "stories to tell" ag baint úsáid as éadach.

- Chuir leabharlann Fhearbán tráthnóna eolais leabharlainne ar siúl in ar thug siad beartán eolais amach chun bail nua a mhealladh.
- d’ Eagraíodh Tráth na g-Ceist don Idir-Bhliain i gCraobh Leabharlann an Tulaigh Mhóir.
- Rinne Leabharlann Chontae Uíbh Fháilí comhoibriú le grúpa áitreabhaigh i g-Cluain Uí Thoirc agus leanann orthu ag tacú leis an ngrúpa léitheoirí ag cur comhairle ar fáil dóibh agus leabhair oiriúnacha.
- Tá an tSeirbhís leabharlainne an Chontae ag tacú i gcónaí leis an bhFéile Bhliantúil Scéalaíochta Shliabh Bladhma, a bhíonn i gcónaí ar fheabhas ar fad.

Staitisticí Bliantúla 2006

Ballraíocht – 8,761

Iasachtaí (leabhair agus meáin chumarsáide) – 171,032

Tagairt, eolas agus fiosrúcháin á lorg – 8780

RP agus uaireanta Idirlíon – 19,800

Uimhir na gcúirteanna scoile chuig craobh leabharlanna – 218

Taispeántais – 13

Imeachtaí – 47

Táscairí Seirbhíse

Seirbhísí Leabharlainne L.1	
Meán-uimhir na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna lán- aimseartha.	35
Meán-uimhir na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna páirt-aimseartha	18
L.2	
Uimhir na mball leabharlainne cláraithe, mar chéatadán den daonra áitiúil	12.4%
L.3	
Uimhir na míreanna a eisíodh in aghaidh ‘cuile dhuine sa chontae do: (a) leabhair (b) míreanna eile	2.4
L.4	100
Céatadán des na leabharlanna gur féidir leis an bpobal an Idirlíon d’úsáid iontu	
L.5	252
Uimhir na seisiún Idirlíon a cuireadh ar fáil in aghaidh 1000 den daonra.	

Pobal agus Fiontar

Bunaithe ar aidhmeanna Straitéiseacha an Phlean Chorporáidigh

1. Ag soláthar cinnearachta Sóisialta do Uíbh Fháilí agus dá muintir uile pé cúlra nó staideanna atá acu

1.1 Ag tacú le Bord Forbartha Chontae Uíbh Fháilí

Sa bhliain 2006 chríochnaigh agus do sheol An Bord Forbartha Chontae a Phlean Príomha Gníomhaireachta tar éis comhairliúcháin mhóra le linn 2005 agus an chuid luath de 2006. Bhí dhá chruinniú Bhoird ag an mBord i Mí Márta agus i Mí Dheireadh Fómhair agus bhí cruinnithe speisialta acu ar fhormhothaithe i Mí an Mheithimh agus ar Thurasóireacht i Mí na Samhna. Lean an P&F ag tacú leis agus ag éascú na bhfo-Ghrúpaí Idir Ghníomhaireachta de chuid Bhord Forbartha an Chontae chun Gníomhartha Príomha óna bplean trí bhliana a sheachada. Tá mór-ghníomhartha na n-Grúpaí Idir-Ghníomhaireachta i 2006 imlínithe faoi na cinn- teidil chuí thíos.

Sholáthar foireann Pobail agus Fiontair seisiúin fháilithe, chomh maith, do bhaill nua an Bhoird.

1.2 Duaiseanna an Uachtaráin do Shaoránaigh Óga

Tháinig Uachtarán na h-Éireann, an tUachtarán Máire Nic Ghiolla Íosa ar chuaird chuig Uíbh Fháilí ar an 29ú Bealtaine 2006 chun Duaiseanna an Uachtaráin do Shaoránaigh óga a bhronnadh. Thaispeáin na daoine óga an obair dheonach a rinneadar dá bpobal bíodh sé mar dhaoine aonaracha nó mar ghrúpa agus h-ainmníodh iad ag baill an phobail. Scrúdaigh fo-ghrúpa idir-ghníomhaireachta

na h-ainmniúcháin ar achainí Bhord Forbartha an Chontae agus rinneadar moltaí i dtaobh na nduaiseanna. Tháinig idir thuismitheoirí, caomhnóirí, múinteoirí agus cinnirí na h-óige le chéile i dteannta ball tofa, baill Bhoird Fhorbartha an Chontae agus foireann agus bainistíocht an údaráis áitiúil, mar aon leis na daoine óga féin, le chéile ins an ceiliúradh stairiúil seo.

1.3 Comhairle na nÓg

Bhailigh Comhairle na n-Óg in Áras an Chontae in Eanáir agus i Mí na Nollag 2006. Bhí siopaí oibre éascaithe ar siúl ar théamaí mar Áiseanna do Dhaoine Óga, Sábháilteacht Bhóthair agus Ionannas. Bhí caoi ag na Teachtaí bualadh lena m-Baill Tofa Áitiúla agus ceisteanna a chur orthu ar ghnéithe a ardaíodh ina siopaí oibre ag plé i Seomra na Comhairle agus Cathaoirleach Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí sa chathaoir. Ár gach ócáid roghnaíodh teachtaí óga chun seasamh ar son Uíbh Fháilí ag Parlaimint bhliantúil náisiúnta na nÓg –Dáil na nÓg.

1.4 Ag tacú le fóram an Phobail chun páirt a ghlacadh i bhforbairt pholasaí

Chríochnaigh Fóram Phobail Uíbh Fháilí ath-bhreithniú cuimsitheach dá struchtúir agus dá phróisis i 2006 agus thosaigh sé ar chur i bhfeidhm a mholtaí. Thacaigh foireann ón Roinn Fiontair agus Pobail leis an ath-bhreithniú agus iad ag comhoibriú le fo-choiste an Fhórait. Chruinnigh Grúpa Pobail an Fhórait le chéile gach mí agus lean na h-ionadaithe lena ról mar bhaill ar Bhord Forbartha an Chontae, ar Bhord Fiontair an Chontae, ar LEADER Uíbh Fháilí+, ar Fhóram na h-Oidhreacht, ar Thasc-Fhórsa Réigiúnach na n-Drugaí agus ar Choistí Straitéiseacha an Chomhairle Chontae. Bhuaile an Fóram le chéile go rialta ag leibhéal an togh-roinn ceantair le tacaíocht ó Chomhlachtaí Forbartha Áitiúla sa Chontae agus ón Roinn Phobail agus Fiontair.

2. Ag thuas-mhéadú infheistíocht táirgiúla agus dá bharr ag cruthú dea-phost inmharthana sa Chontae

Fostaíodh McIvor Consulting chun tuairisc a thabhairt ar Thurasóireacht sa Chontae ar son fho-ghrúpa Turasóireachta Idir-Ghníomhaireacht ó Bhord Forbartha Chontae Uíbh Fháilí.

Lean C&E ag éascú fho-ghrúpa Fhiontair Idir-Ghníomhaireachta de chuid Bhord Forbartha an Chontae agus Ciste Fiontair Uíbh Fháilí le linn 2006. Faoin g-Ciste bhí 4 leith-dháileadh do thograí tionsclaíocha de €205,000, 8 leith-dháileadh de €1,000 do thograí pobail agus leith-dháileadh amháin de €60,000 do thogra oideachais.

Fuair fo-ghrúpa do Fhoghlaim Fhaid Saoil de chuid Bhord Forbartha Chontae Uíbh Fháilí cistíocht ó Údarás Ar Oideachais do Thogra Oideachais For-Rochtana Uíbh Fháilí. 'Bé seo an t-aon togra píolóta faoin dtuath a fuair cistíochta náisiúnta.

3. Ionad deas, sábháilte agus taitneamhach a dhéanamh as Uíbh Fháilí chun cónaí agus oibriú ann.

Sport

Sa bhliain 2006 h-ainmníodh Páirtíocht Sport Uíbh Fháilí go h-oifigiúil agus fuarthas cistíocht le h-aghaidh Chomhordaitheoir don Sport Áitiúil laistigh den Roinn Pobail agus Fiontair agus do rolladh amach do chlár Chomhairle Sport na h-Éireann do chumann, do scoileanna, agus do phobail. Bhuaigh An Pháirtíocht Spóirt cistíocht chun pobail mhionlaigh a ionsú i n-eagraíochtaí spóirt (€9K).

Súgradh

d' Éascaigh agus thacaigh P&F le forbairt Pholasaí Súgradh Chomhairle Chontae ag Coiste Tithíochta um Pholasaí Straitéiseach Sóisialta & Cultúrtha gur ghlac an Chomhairle Chontae leis i 2006. Bhain chomhráití leathana leis an bhfoireann agus le baill tofa toisc seo agus déanadh tagairt do aidhmeanna Pholasaí Náisiúnta Súgradh.

Thaobhaigh foireann Pobail & Fiontair leis an bhfo-ghrúpa de chuid an CDB ag obair ar Straitéis Súgradh an Chontae. Dhein Baill an ghrúpa comhairliúcháin leis an bpobal, agus bhí comhairliúcháin indibhidiúla déanta le gníomhaireachta ball, i dtaobh a ról agus a bhféidearthachta chun go gcruthódís deiseanna do shúgradh sa chontae.

Bród as Áit

d' Aithin An t-Uachtarán, Máire Nic Giolla Íosa Pobail a ghlac páirt i n-Duaiseanna Bhród as Áit 2005-Cill Chormaic, Ionad Óige Naomh Muire agus Cnocán Bhólais trí bhronnadh na nduaiseanna le linn a turais go dtí an contae i Bealtaine 2006. Chuir Comhairle Chontae Uíbh Fháilí cúig thogra isteach ar Chomórtas Náisiúnta Bhród as Áit i Samhradh 2006 Cumann Áitreabhach Cnocán Radharc a' t-Séipéil, Cumann Áitreabhach Radharc Chill Anna agus Ionad Cúram Leanaí Phobal na Páirce Glaise, Éadan Doire, chomh maith le Cumann Forbartha & Pobail An Fhéar Bháin agus Grúpa Pobail & Forbartha BHM. Thug Pobal agus Fiontar tacaíocht arís in ullmhúchán na dtograí chun iad a chur faoi bhráid phainéal lucht a scrúdaithe agus le linn phróiseas na scrúdaithe agus sna h-ullmhúcháin do bhronnadh na nduaiseanna sa Tulach i gContae Ceatharlach i n-Deireadh Fómhair 2006.

Togra Rabhchán Tine

d' Iarradh ar Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí, mar chuid de scéim phíolóta trí An Roinn Chomh-Shaoil agus Rialtais Áitiúil, dhá rabhchán tine a dháileadh agus a chur isteach i 250 baile sa chontae. Bhí Pobal agus Fiontar i gceannas ar an dtogra seo inar tugadh tús áite do shean-daoine/lánú ag maireachtáil ina n-aonar faoin dtuath. Trí chomhairliúchán agus trí pháirtíocht le h-eagraíochta pobail agus áitiúil h-aithníodh agus cuireadh ar a n-eolas lucht faighte na ngléas rabhchán a ndáileadh agus a gcuireadh isteach dóibh ina dhiaidh sin.

Cosc ar Choir

Dhein Pobal agus Fiontar aíocht ar Shiopa Oibre ar Chosc Choir do phobail, do ghrúpaí Faire Comharsanachta agus do ghrúpaí Phobail ar Aire i gcomh-pháirtíocht leis An Garda Síochána.

4. Ag Tógáil chomhtháthú sóisialta agus iniamh, laistigh de, agus trasna an Chontae

Lean Pobal agus Fiontar le páirt a ghlacadh i n-Gréasán Foghlama Fhrith-Bhochtaineacht an Rialtais Áitiúil chun eolas agus an cleachtas is fearr a roinnt.

B' iad roinnt des na príomh-bhuanna a bhain leis na Bearta Iniamh Sóisialta (BIS) agus a bhfo-choistí le linn 2006 ab ea:

- Thosaigh an chéim chomhairlithe i leith fhorbairt Straitéis Fhrith –Bhochtaineachta Áitiúil Uíbh Fháilí.
- Dhein sé aíocht ar chruinniú Iníúchta idir na gníomhaireachta agus eagraíochtaí a sholáthraíonn Seirbhísí do Dhaoine Óga sa chontae.
- €5000 leith-dháilte ó Chonradh Fostaíochta na h-Iarmhí toisc gníomhartha Ghrúpa Tacaíochta Phobal do Mhionlaigh.
- Cabhair Dheontais de €5,000 ón Roinn Dlí chun tacú le dhá thogra athrú dearcadh diúltaigh i leith an Lucht Siúil, agus fostú Oibrí Tacú Oideachais.
- Aighniú ullmhaithe ag súil le glaoch le h-aghaidh Aonad Iniamh Sóisialta na nÚdarás Áitiúil 2006/2007.

5. Ag forbairt agus ag seachada seirbhísí de ard-chaighdeán

d-Éascaigh agus thacaigh Pobal agus Fiontar le Próiseas Forbartha Áitiúil agus Tuaithe –Céim a 1 le linn 2006 mar aon le comhoibriú le foireann ón Roinn Chomh-Shaoil, Tuaithe agus Gaeltachta agus le foireann agus le Boird Bhainistíochta ó chúig chomhlacht go bhfuil baint acu le próiseas an Chomh-tháite i 2006. Sé an aidhm atá ag an bpróiseas seo ná go mbeadh struchtúr cuimsitheach amháin a chlúdódh seachada cistíochta agus seirbhísí do fhorbairt idir thuaithe agus áitiúil. €207,500 a bhí leith-dháilte ag Comhairle Chontae Uíbh Fháilí le h-aghaidh an phróisis.

Ar an Dara lá de Mheitheamh 2006 sheol ionadaithe na n-Eagraíochtaí um Fhorbairt Áitiúil agus Tuaithe achoimrí ar a bpleananna agus ar a ngníomhaíochtaí bliantúla do Bhord Forbartha an Chontae mar chuid den bpróiseas Formhuinthe bliantúil. Cuireadh na h-aighneachta le chéile i dtuairisc a chuireadh ar aghaidh chuig Roinn an Chomh-shaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Ghlac Pobal agus Fiontar páirt, chomh maith, i gcleachtas an phlean “Ag Seachada Seirbhísí Níos Fearr” agus thacaíodar le riaradh an togra seo.

6. Straitéisí éifeachta cumarsáide, idir eachtrach agus inmheánach, a fhorbairt agus a chur chun cinn

I Mí an Mheithimh 2006 sheol agus dháiligh CDB Uíbh Fháilí a Phlean Ghnímh Phríomha trí bhliana 2006-2008. Tógadh an suíomh idirlíon suas chun dáta agus cuireadh leis agus déanadh DVD chun obair Bhoird Forbartha an Chontae agus a ghníomhaíocht phleanáilte a chur chun cinn.

Ghlac Pobal agus Fiontar páirt i Siopa Oibre An Scoth sa rialtas Áitiúil ina raibh Comhdháil agus DVD ar “Muintir Uíbh Fháilí ag Fás Le Chéile”

Leanann an roinn ag comhoibriú le ranna eile laistigh den Stiúirthóireacht ar bhonn rialta trí chruinnithe rátha. Ghlac foireann Phobal agus Fiontar páirt, chomh maith, i gcleachtas an phlean faoi Chúram Chustaiméara Inmheánaigh- ‘ag Seachada Seirbhísí níos Fearr’ agus thacaigh siad le riaradh an togra seo.

7. Ag bainistiú na comhairle i dtreo is go mbeadh sé ina ait mhaith, éifeachtach chun obair ann

d’ Eagraigh P&F roinnt siopa oibre traenála do fhoireann Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí. Ghlac 35 ball den fhoireann ó gach roinn, páirt i siopaí oibre ar thuiscint ar litearthacht i 2006. Thug P&F i gcomhpháirtíocht le Gluaiseacht Lucht Siúil an Tulaigh Mhóir traenáil ar Thuiscint Idir-Chultúrtha do 39 ar an bhfoireann. Sé aidhm na siopaí traenála oibre seo na léir-thuiscint fhoireann Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí a ghéarú faoi bhaca agus faoi deacrachtaí a bhíonn ag daoine ó chúlra cultúrtha, éagsúla nuair a bhíonn siad ag iarraidh teacht ar sheirbhísí.

Ghlac P&F páirt iomlán san Chóras Forbartha Bainistíochta Oibre (CFBO). Críochnaíodh an Plean Forbartha Foirne i lár na bliana agus ag deireadh bliana bhí na Pleananna Forbartha Pearsanta déanta ag an fhoireann go léir.

Ghlac an fhoireann páirt, chomh maith, i gcaíonna forbartha agus traenála mar Sláinte agus Sábháilteacht, Láimhseáil, Traenáil Bhainistíochta i gceannas, Gearáin agus Smacht, Teastas i Staidéar ar Rialtas Áitiúil, Clár ar Cheannasaíocht san Rialtas Áitiúil agus seimineáir ar eolas cuí.

Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch

Tá An Roinn Pleanála freagrach as polasaí thalamh-úsáid, as smacht ar fhorbairt agus Smacht ar Thógáil san áireamh, agus as an oidhreacht tógtha aiceanta agus conláiste an Chontae.

Cuirtear polasaí thalamh-úsáide i bhfeidhm trí Phleananna Forbartha Áitiúla an Chontae agus Bhaile trí Phleananna Sráid-Bhaile agus Sráide. Baineann Smacht Pleanála le próiseáil suas le 1,900 iarratas pleanála sa bhliain, le próiseáil Teastas Sábháilteachta Tine bearta cur i bhfeidhm cuí nuair is gá.

Taispeánann an tábla seo a leanas an claonadh ins an méid iarratas pleanála faighte agus faoi bhreith na Comhairle le cúig bhliain anuas.

Bliain	líon na n-iarratas	líon tugtha	Líon diúltaithe	Cinneadh déanta ar
2001	1331	889	287	1176
2002	1390*	818	241	1059
2003	1486*	748	238	986
2004	1828*	891	273	1165
2005	1462*	859	217	1055
2006	1894*	1120	212	1332

(*Tá iarratais mhí-bhailí faoi iamh san bhfigiúr seo)

Cruinnithe Coiste faoi Pholasaí Straitéiseacha/Cruinnithe Ceantair

Bhí 4 chruinniú ar fad den gCoiste Polasaí Straitéiseach Forbartha Eacnamaíoch agus Pleanála i 2006. Ins an gCoiste seo tá 6 bhall de Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí agus 5 bhall ón bpobal ina bhfuil rannóg Cheard Cumann, Gnó/Tráchtáil, Turasóireacht agus Talmhaíocht/Feirmeoireacht.

Athruithe ar Phlean Forbartha Chontae Uíbh Fháilí 2003-2009

Déanadh na h-athruithe seo a leanas do Phlean Forbartha an Chontae idir 2003-2009 i 2006.

Athrú Uimhir a 2 –Pleananna ‘Sráideanna’ do Shráid Ard, An Lios Dearg, Lus Magh, Tobar agus doiciméad ginearálta Polasaí ar Shráid Bhailte agus ar ‘Sráideanna’

Glactha leis ar 16ú Eanáir 2006

Athrú Uimhir a 3 –Pleananna do Shráid Bhailte Baile Comhair, Breacánach agus Cluain Bolg

Glactha leis 27ú Marta 2006

Athrú Uimhir a 4–Plean Sráid Bhaile Ród agus Plean Bhaile An Daingin

Glactha leis 18ú Meán Fómhair 2006

Athrú Uimhir a 5 –Pleananna Sráid Bhaile do Dhroichead na Sionainne agus Caladh na Sionainne agus plean ‘Sráide’ do Bhaile Buí

Glactha leis ar 16ú Deireadh Fómhair 2006

Scéim Athnuachan Bhaile 2000

Tá na bailte seo a leanas san liosta do Scéim Athnuachan Bhaile, 2000:

Beannchar
An Féar Bán
Éadan Doire
Clóirtheach

Sé an phríomh aidhm atá leis an scéim seo ná fabraic thógtha bhailte na h-Éireann a athchóiriú, a neartú agus a fheabhsú, bearnaí a líonadh go báuil agus lena linn sin lár na mbailte a athbheochan. Tá sealúchais chónaitheacha agus gilleagracha san áireamh san scéim go bhfuil síneadh curtha leis don 30ú Iúil 2008.

Clár athbheochan Bhaile agus Sráid Bhaile 2000-2006

Faoin scéim seo déanadh oibreacha feabhsaithe chomh-shaoil ins na bailte seo a leanas i 2006:

Suíomh	Togra
Muine Gall	Ionad lárnach a chruthú i lár na sráide, spás stoptha ar aghaidh an tséipéil agus spás conláiste le crainn, tír-dhreachadh agus suíocháin
(Leanúnach) Pollach	Feabhsúcháin timpeallachta chun cuma níos fearr a chur ar an mbaile, ina mbeadh íomhá cruthaithe le h-ais an chanáil, cláir mhíniúcháin, colbha a dhéanamh agus cosán, an t-acomhal a cheart-leagadh amach, solas a sholáthar mar aon le troscán sráide.
(Leanúnach) An Lios Dearg	Spás do áiseanna pobail a chruthú don bpobal ina mbeadh suíocháin, tír-dhreachadh agus pábháil a rachadh le timpeallacht tuaithe an cheantair uile.
(Leanúnach)	

Cábalaí BSL, atá os cionn talún a chuir faoi thalamh ag Clóirtheach, Cill Chormaic, Éadan Doire agus i m-Biorra

Smacht ar Thógáil

Fuarthas 153 iarratas do Theastas Tine le linn 2006. Eisíodh 153 teastas. Ba chóir fógraí tosaithe do bheith aighníthe idir 14 go dtí 28 lá sula dtosófar ar an obair nó ar mhalartú úsáide. Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fháilí 762 fógra tosaithe idir Eanáir agus Nollaig 2006. Le linn an ama sin dhein an Chomhairle 988 iniúchadh ar fhoirgnimh féachaint an rabhadar ag réiteach le Rialúcháin Tógála 1997 agus leis na h-athruithe is déanaí.

Deontais Chaomhnaithe

Sa bhliain 2006 fuair Comhairle Chontae Uíbh Fháilí €142,850 mar chabhair dheontais ar ais ón Roinn Chomh-Shaoil, Oidhreachta agus rialtais Áitiúil. Tugadh amach deontais de idir €1000 go dtí €25,000 do dheich gcinn de iarrthóirí ag braith ar a chomh-chistíocht de 50% de chostas na h-oibre a bheith ag an iarrthóir.

Cur i bhfeidhm

Faoi réir ag Cuid V111 de Acht Pleanála agus Forbartha 2000 baineann na sonraí seo a leanas le gnéithe chur i bhfeidhm i 2006:

Litreacha Rabhaidh:	135
Fógraí For-fheidhmithe:	38
Cásanna Chúirt Chuarda:	2
Cúisithe:	1

Scéim Ranníocaíochta Forbartha

Tógadh an Scéim Ranníocaíochta Forbartha suas chun dáta in Eanáir 2006 de réir Séan na Luach do Thógáil agus do Fhoirgníocht foilsithe ag an Oifig Láir Staidrimh. Baineann sé le ranníocaíochta i leith na nithe seo a leanas:

Tábla 1- Leibhéal na Ranníocaíochta –Cónaitheach agus Tionsclaíoch

	Sort Bhonneagair	€ per aonad cónaitheach	€ per m² de spás urláir de fhorbairt tionsclaíoch/trácht ála
A	Spáis oscailte, áiseanna pobail, cultúrtha agus spóirt, oibreacha conláistí agus tírdhreachadh, feabhsúcháin bhaile agus sráid-bhaile-i dteannta le seilbh a ghabháil ar thalamh	€50	€8.00
B	Bóithre, páirceáil ghluaisteán, bonneagar chun iompar poiblí a éascú, áiseanna do rothair agus do choisithe agus beartanna ceansaithe tráchta – i dteannta le seilbh a ghabháil ar thalamh	€50	€2.00
C	áiseanna cóireála fuíll uisce, píobáin séarachais agus draenacha- i dteannta seilbh a ghabháil ar thalamh	€190	€6.50
D	Aiseanna Cóireála Uisce agus Príomh-Phíobáin Uisce- i dteannta seilbh a ghabháil ar thalamh	€640	€6.50
	<i>Iomlán</i>	€4930	€33

Nóta A: Spás Urláir

Ríomhfar spás urláir an cheantair le bheith forbartha mar mór-iomlán an spáis urláir. Ciallaíonn seo an mór-iomlán spáis urláir ríofa ó thoisí eachtracha an fhoirgnimh mholta, i dteannta mhór-iomláin achair gach urláir mar aon le h-urláir mezzanine.

Nóta B: Úsáid na Seirbhíse

Ní bhaineann ranníocaíochtaí i leith C & D thuas ach le forbartha atá ag baint úsáide as seirbhísí bonneagair atá a soláthar, nó le bheith á soláthar.

Nóta C: Polasaí Costais Seirbhísí Uisce

Tugann polasaí costais seirbhísí uisce an rialtais an chaoi costais imeallacha caipitil na seirbhísí uisce a ath-ghabháil: ón gcustaiméir ginearálta neamh-chónaitheach ar bhonn costais chomhdhlúite de réir an mhéadair ag úsáid prionsabail uisce isteach/uisce amach nó, trí chonarthaí singil le custaiméirí móra, de ghnáth; agus do fhorbartha cónaitheacha trí ranníocaíochta forbartha. Go dtí go gcuirfear polasaí phraghais na seirbhísí uisce i bhfeidhm ina iomlán gearrfar na rátaí thuas ar uisce agus ar fhuíoll-uisce do fhorbairt tráchtála/gheilleagrach.

Tábla 2 – Leibhéal na Ranníocaíochta – Ranna Eile Forbartha

	Roinn	Méid na Ranníocaíochta
A	Easpa spás páirceála gluasteán: (i) Uirbeach (ii) Faoin dtuath	€4,370 per spás €2,190 per spás
B	Easpa spáis oscailte (i) Uirbeach (ii) Faoin dtuath	Ranníocaíocht faoi leith Ranníocaíocht faoi leith
C	Forbairt Talmhaíochta	<500m ² = nil 500 m ² - 1000 m ² = €2.50 per M ² > 1000 m ² = €5.50 per M ²
D	Foraoisí don gcéad uair/athchur crann duilleoga leathana ard-fhoraoise ag cineál crann buaircíneach/móin a bhaint	€550 per hectare don suíomh amháin nuair atá cead pleanála á lorg amháin
E	Talamh-úsáid do (a) aimsiú agus do oibriú mianraí agus (b) fosú bruscair nó fuíll	€1,100 per 0.1 hectare de cheantar an tsuímh le thíos-theorainn de €10,930
F	Stóras agus Trádstórais (ní do mhion-díol)	€16.50 per M ²
G	Galf/Cur agus Caitheamh	Ranníocaíocht Speisialta
H	Feirmeacha Gaoithe	Ranníocaíocht Speisialta
I	Linnte Snámha	Ranníocaíocht Speisialta

Nóta A: Easpa spáis Páirceála do Ghluasteáin/Spás Oscailte

Baineann an téarma uirbeach sa chás seo le Timpeallacht an Tulaigh Mhóir, le Timpeallacht Biorra agus le Éadan Doire agus le teorainn a Thimpeallachta.

Le linn 2006 fuarthas ranníocaíochtaí Forbartha de €6.2 milliún.

<i>Údaráis Áitiúla Uíbh Fháilí</i>		
<i>TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE</i>		
P: Smacht Pleanála agus Tógála		
P.1	<i>Iarratais Phleanála-Teacht ar Chinneadh</i>	
	Líon na n-iarratas déanta amach do gach tigh ar leith	660
	Céatadán de iarratais (chríochnaithe) déanta laistigh de 8 seachtain do gach tigh faoi leith	299
	Líon ag lorg tuilleadh eolais	357
	Líon inar toilíodh le síneadh ama dóibh	2
	meán ama tógtha chun iarratas a dhéanamh amach nuair a lorgáítear breis eolais do thithe aonaracha	75.69
	% na ndeontas do thithe aonaracha	78.79%
	% na ndiúltú do thithe aonaracha	21.21%
	% na gcás nuair a dheimhníodh an cinneadh le h-athrú nó gan athrú ag an Bord Pleanála do thithe aonaracha	87%
	(% na gcás inar athraíodh an cinneadh ag an Bord Pleanála do thithe faoi leith)	n/a/f
	% na gcás inar cealaíodh an cinneadh déanta ag an Bord Pleanála do thithe faoi leith	13%
	Líon na n-iarratas ar a raibh cinneadh déanta orthu do fhorbairt tithíochta	90
	(% críochnaithe)de iarratais ar a raibh cinneadh déanta orthu laistigh de 8 seachtain do fhorbairt tithíochta	33 no.

	Líon ag lorg tuilleadh eolais	57
	Líon inar ceadaíodh síneadh ama dóibh	0
	An meán ama a tógadh chun iarratas a shocrú nuair a lorgaítear tuilleadh eolais faoi fhorbairt tithíochta	82.26
	% na ndeontas do fhorbairt tithíochta	63.33%
	% na ndiúltú do fhorbairt tithíochta	36.67%
	% na gcás inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh gan athrú nó le h-athrú le haghaidh fhorbairt tithíochta	80%
	(Líon na gcás inar athraíodh an cinneadh ag an Bord Pleanála do fhorbairt tithíochta)	n/a/f
	Líon na gcás inar cealaíodh an cinneadh ag an Bord Pleanála	20%
	Líon na n-iarratas gur déanadh cinneadh orthu do chatagóir eile: nach raibh EIA uathu	569
	(% críochnaithe) de iarratais go raibh cinneadh déanta orthu laistigh de 8 seachtain: nach raibh EIA uathu	383
	Líon go raibh breis eolais á lorg fúthu	183
	Líon inar aontaíodh faoi bhreis ama	1
	An meán am a thógtar ar chinneadh faoi iarratas nuair a lorgaítear eolas do chatagóirí eile: nach bhfuil EIA uathu	76.44
	% na ndeontas do chatagóirí eile nach bhfuil EIA uathu	93.50%
	% na ndiúltú do chatagóirí eile: nach bhfuil EIA uathu	6.50%
	% na gcás nuair a dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh le nó gan athrú do chatagóirí eile: nach raibh EIA uathu	82%
	% na gcás inar athraíodh an cinneadh ag an Bord Pleanála do chatagóirí eile: nach raibh EIA uathu)	n/a
	% na gcás inar cealaíodh an cinneadh ag an Bord Pleanála do chatagóirí eile: nach raibh EIA uathu	18%
	Líon na n-iarratas socruithe do chatagóirí eile: go raibh EIA uathu	11
	(% críochnaithe) de iarratais go raibh cinneadh déanta orthu do chatagóirí eile laistigh de 8 seachtaine: go raibh EIA uathu	4 no.
	Líon ag lorg tuilleadh eolais	7
	Líon inar toilíodh síneadh ama dóibh	0
	meán ama a tógadh teacht ar chinneadh nuair a lorgaíodh breis eolais do chatagóirí eile: go bhfuil EIA uathu	80.29
	% na ndeontas do chatagóirí eile: go bhfuil EIA uathu	90.91%
	% na ndiúltú do chatagóirí eile: go bhfuil EIA uathu	9.09%
	% na gcás inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh le, nó gan, athrú do chatagóirí eile: go bhfuil EIA uathu	66.67%
	(% na gcás inar athraíodh an cinneadh ag an Bord Pleanála do chatagóirí eile: go bhfuil EIA uathu)	n/a
	% na gcás inar cealaíodh an cinneadh ag an Bord Pleanála do chatagóirí eile: go bhfuil EIA uathu	33.00%
P.2	<i>For-fheidhmiú na Pleanála</i>	
	Líon iomlán na gcás go raibh gearáin fúthu gur déanadh fiosrú fúthu	114
	Líon iomlán na gcás go raibh gearáin fúthu gur caitheadh amach iad	12
	socruithe trí idirghabháil	43
	Líon na ngnáthamh for-fheidhmithe tógtha trí litreacha rabhaidh	135
	Líon na ngnáthamh for-fheidhmithe tógtha trí fhógraí for-fheidhmithe	38
	Líon na gcúiseanna tógtha	1
P.3	Uaireanta oscailte don bpobal sa tseachtain ar an meán	23.25

	Líon na gcruinnithe comhairlithe réamh-phleanála	960
P.4	An fhaid ama, ar an mheán, ó achainí le h-aghaidh chomhairlithe le pleanálaí de chuid an údarás phleanála áitiúil go dtí an cruinniú foirmiúil le haghaidh chomhairlithe réamh-phleanála	33.5
P.5	Foirgnimh iniúchta mar % de fhoirgnimh nua curtha in iúl don údarás áitiúil	22.81%

OIDHREACTH

I gcomhthéacs Acht na h-Oidhreachta 1995 samhlaítear go gclúdaíonn an téarma oidhreacht gnéithe mar leachtanna, nithe seandálaíochta, ábhair oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fián-bheatha, tír-dhreachadh, muir-dhreachadh, báid bhriste, geolaíocht, gairdíní oidhreachta agus páirceanna agus bealaí uisce intíre.

Bé 2006 an bhliain deiridh den gcéad Phlean Oidhreachta de chuid Uíbh Fháilí 2002-2006 agus chonaic sé ullmhúchán an chéad phlean cúig bhliain eile. Sé eiseachada an Phlean an príomh ghné ar chlár oibre na h-oifige oidhreachta. Bhíodh cruinnithe Fóram Oidhreachta Uíbh Fháilí níos minice ann ná mar is gnáth de bharr ullmhúcháin an phlean nua. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach ball den fhóram oidhreachta as ucht ar chuireadar isteach ann. Is mór againn tacaíocht na Comhairle Oidhreachta i leith phost an Oifigigh Oidhreachta agus gurab amhlaidh do sheachada an Phlean Oidhreachta.

Tá an méid a leanann mar achoimre ar na príomh-thograí gur déanadh seachada orthu i 2006. Ina theannta san caitheadh mórán ama ar thograí i dtithe agus ag comhoibriú le pobail chun tograí cuí a phleanáil, a mhaoiniú agus a seachada. Le h-aghaidh tuilleadh eolais glaoigh ar an oifig ag 057 9346839 nó féach ar www.offaly.ie/offalyheritage.

Bailiú Sonraí

- **Suirbhé ar na Déanadh** staidéar ar an gcóras eiscir siar ón d-Tulach Mór ag Mary Tubridy. Déanadh é seo chun nádúr, méid agus suíomh na n-eiscear agus a ngnáthóga sa chontae a aimsiú chun polasaí a fhorbairt bunaithe ar fhíricí.
- **Suirbhé Geo-fisiceach** Dhein Dr. Paul Gibson ó Ollscoil Mhaigh Nuad suirbhé geo-fisiceach de chuid den gceantar laistigh de im-fhálú na mainistreach ag Raithean.
- **Suirbhé na g-Caisleán** Tá suirbhé déanta ar chaisleáin an Chontae atá ina seasamh agus tá bunphleananna leagtha amach. Tá grián-ghrafa tógtha de fhothracha na gcaisleán go léir i gContae Uíbh Fháilí.
- **Togra taifead an tseanchais bhéil.** Bé an toradh a bhí leis an gcomh-thogra seo idir Laois agus Uíbh Fháilí ná tacar iomlán de 50 DD, uair a chloig an ceann, de agallaimh le daoine le scileanna

i dtuúodóireacht, i saoirseacht cloiche, san obair adhmaid, sa ngaibhneacht, ar chúram na mbeach, ar thógáil bád agus araile.

Oideachas/Ardú Tuisceana

- **Staidéar ar Thaighde Mhargaidh** - Déanadh staidéar ar thuiscint oidhreachta ag Ipsos Mori chun dearcadh i leith ghnéithe na h-oidhreachta sa chontae a dhéanamh amach.
- **Clár radio ar shuímh Oidhreachta agus Sliotáin Tuisceana** Bhí de aidhm ag an dtogra seo tuiscint faoi réimse ábhar agus suíomh a bhain le h-oidhreacht a ardú trí gach ceann des na contaetha go bhfuil Midlands 103 FM (Laois, Uíbh Fháilí agus an Iarmhí) ag friotháil orthu. Craoladh cúig cinn déag de chraoladh aon uair a chloig do na trí chontae.
- **Póstaer Ailtireachta** — Seoladh póstaer A1 ar ailtireacht Chontae Uíbh Fháilí.
- **Seachtain Chomhordaithe Oidhreachta** Don chéad bhliain chomhordaíodh an tseachtain oidhreachta ag an Oifig Oidhreachta i gComhairle Chontae Uíbh Fháilí. Bí ócáid éigin gach lá agus bhí dhá chomhdháil deireadh seachtaine ar siúl. In a lán cásanna bhí na h-ócáidí eagraithe ag na pobail ach bhí na sceidil agus an fhógraíocht á chomhordú ag an Oifig Oidhreachta.
- **Comórtas na n-Áit an-Speisialta** Bé seo ac cheathrú bhliain de Chomórtas na m-Bailte Slachtmhara seo a ritheadh i gcomhair le LEADER+ Uíbh Fháilí. Ghlac naoi ngrúpa dhéag páirt ann.
- **Scoil Samhraidh — Ag taiscéaladh an Fhia is an Fhiántais** I 2006 ritheadh scoil samhraidh cúig lá i rith na chéad seachtaine de Iúl i Cionn Eitigh le John Feehan mar chomhordaí agus le roinnt aoí-chainteoirí. Bhí se seo oscailte do mhúinteoirí bunscoile agus do bhaill an phobail, go raibh suim acu ann, agus glacadh go h-an-fhonnmar leis.
- **Bláth in do Cheantar féin** –togra do bhunscoileanna i dtaobh tuiscint ar an mbith-éagsúlacht.
- **Lá na Bith-Éagsúlachta — Bealtaine 22** Ceiliúradh Lá na Bith-Éagsúlachta don gcéad uair in Uíbh Fháilí trí lá a bhí dírithe ar an g-Cearc Fhraoigh Ghlas i m-Búra. Bhí se eagraithe ag an Oifig Oidhreachta i gcomhpháirtíocht le NPW agus le Bord na Móna.
- **Siopa Oibre ar Sheandálaíocht agus ar Fháilta.** Bhí siopa oibre ar sheandálaíocht agus ar thuairisc na bhfálta 2005 do phleanálaithe SCTT agus do fhoireann na Comhairle.

Foilseacháin

- *Foilsíodh Stories from a Sacred Landscape* ag Caimin O’Brien ag Comhairle Chontae Uíbh Fháilí agus sheol an Dr. Pat Wallace, ó Iarsmalann Náisiúnta na h-Éireann, é ar an 26ú lá Bealtaine.
- *Clóbhualadh Mapping Offaly in the 19th Century* ag Arnold Horner i gcomhpháirtíocht le Cumann Staire agus Seandálaíochta Uíbh Fháilí.

Polasaí agus an Cleachtas is Fearr

Plean Fráma Oibre do Shráid Bhaile Cill Aichidh-Tharraing DIT plean Fráma Oibre do Shráid Chaile Chill Aichidh ag tógáil san áireamh an cúlra seandálaíochta agus ailtireachta.

Caomhnú Fhothracha Cloch

- Séipéal Chill Mhac Thonna, Lus Magh- déanadh taifead ar fhabraic na meán aoise ag baint úsáide as teicneolaíocht léasair agus déanadh moltaí le h-aghaidh a caomhnaithe.
- Críochnaíodh caomhnú Séipéal Meán Aoise Ros Com Rua, a tosaíodh i 2003.
- Ag comhoibriú le h-Eaglais na h-Éireann lean an caomhnú chun cinn ar an eaglais mhoch ag Raithean.
- h-Ullmhaíodh Tuairisc ar Chaisleán Blundell in Éadan Doire.
- Leanadh le obair an chaomhnaithe ag Séipéal Léim Manachain agus Cillín Naomh Mella, Baile an Comhair.
- Críochnaíodh obair chaomhnaithe ag Séipéal Réamh –Athrú Creidimh Naomh Bhréanainn, Biorra.

Roinn an Chomh-Shaoil

Tá an Stiúrtóireacht seo freagrach as réimse éagsúil feidhmeanna agus seirbhísí. Siad na príomh ranna laistigh den Roinn seo ná iad seo a leanas:

AN TIMPEALLAUGHT

1. Bainistíocht Fuíll
2. Bainistíocht Bhruscair
3. Smacht ar Thruailliú agus Bainistíocht Chaighdeán Uisce
4. Suímh Thréigthe agus Foirgnimh Chontúirteacha
5. Sláinte agus Sábháilteacht
6. Seirbhísí Tréad-liachta
7. Trialacha Síothlaithe
8. Reiligí
9. Sábháilteacht Uisce

SEIRBHÍSÍ TINE

- | | | |
|------------------------------------|---|---------------|
| 10. Seirbhísí Tine agus Éigeandála | } | Seirbhís Tine |
| 11. Smacht ar Thógáil | | |
| 12. Cosaint Sibhialta | | |
| 13. Pleanáil mhór-Éigeandála | | |
| 14. Smacht Tógála | | |

GINEARÁLTA Chun Bainistíocht a dhéanamh ar réimse feidhmeanna reachtúla timpeallachta, go bhfuil na h-Údaráis Áitiúla freagrach as, táimid tar éis córas bainistíochta digiteach a thabhairt isteach go bhfuil CBUA (Córas Bainistíochta an Údaráis Áitiúil), atá forbartha ag an GCT mar uirlis

chun caoi a thabhairt dos na h-Údaráis Áitiúla sonraí a ionchur i dtaobh chomh maith is a bhíodar ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Cabhróidh CBUA leis an GCT chun iniúchadh a dhéanamh ar Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí faoi mar a chomhlíonann sí a fheidhmeanna éagsúla timpeallachta.

1. BAINISTÍOCHT FUÍLL

Toisc go bhfuil sé mar an t-údarás príomha i gcur i bhfeidhm Plean Bainistíochta Fuíll Réigiúnach Lár na Tíre¹ déanann Comhairle Chontae Uíbh Fháilí comhordú ar chleachtais iomlána Bainistíochta fuíll ins an réigiún.

I Mí Feabhra 2006 déanadh Plean Bainistíochta nua Fuíll. Leagann an plean amach spriocanna soiléire uailmhianacha mar aon le dearcadh nua comhtháite do bhainistíocht fuíll thar thréimhse 15 go dtí 20 bliain. Beidh ár straitéis sa todhchaí dírithe ar thús aite a thabhairt fuíoll a sheachaint, athúsáid, athchúrsáil agus athghabháil fuinnimh seachas bheith ag braith an iomad ar chur de lámh i bpoll sa talamh. Siad ár n-aidhmeanna fad-théarmacha do 2013 go mbeidh rátaí iomlán fuíll ó thithe, ó thráchtáil agus tionscail, ó thógáil agus ó scartáil i sraitheanna mar:

Athchúrsáil 46% Aisghabháil Fuinnimh 37% Cur de lámh sa talamh 17%

Ard-Phointí Eile an Phlean

- Soláthar boscaí bruscair dhonna le h-aghaidh fuíll orgánaigh ó thithe agus ó ghnó
- Thíos-laghdú ar fhuíoll ó thógáil agus ó scartáil
- Ag scrúdú inmharthanacht tráchtála agus suíomh fearas fuinnimh sa Réigiún
- Feachtais eolais chun fuíoll sa bhaile agus ag obair a laghdú
- Breis infheistíochta ar thograí nua ath-chúrsála mar shampla áiseanna conláiste sibhialta agus méadú ar na bainc dramhaíola agus ar athchúrsáil ábhar thirim ón dteaghlach a leathnú

Déanann An Roinn próiseáil ar iarratais do Cheadúnais Bhailiúcháin Fuíll don réigiún. Go dtí seo fuarthas 488 iarratas agus ceadaíodh 397 díobh. Tá sé freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar Thuairiscí Bliantúla Timpeallachta aighnithe i leith “ghluaiseachtaí fuíll”. Déanann an Roinn comhordú, chomh maith, ar dhlíthe i dtaobh bhruscair i dteannta leis an n-Gréasán chur i bhfeidhm dlí an bhruscair an GCT agus bhí páirt mhór acu i gcur i bhfeidhm na rialacha éagsúla.

Tá dul chun cinn an-mór déanta ins na nithe seo a leanas i 2005:

- **Láithreán Líonta Talún Doire Cluthar** - Críochnaíodh tógáil an t-síneadh nua; ar chostas sa bhreis ar €4m agus tá an áis faoi lán tseoil anois.
- **Láithreán Líonta Talún neamh-línithe Dhoire Cluthar** –Táimid tar éis tosú anois ar athchóiriú iomlán timpeallachta agus athshocrú an tsean-chillín líonta talún ag Doire Colúr ag costas measta de €5.5m
- **Suímh Aiseanna Sibhialta:** - Leanaimid linn ag deimhniú go ndéanfar an obair ag na h-áiseanna ag an Tulach Mór agus ag Éadan Doire ag na caighdeáin is airde.
- **Bainc um thógáil isteach Bhruscair Athchúrsála** – Tá 48 Banc um Thógáil Isteach ar siúl sa chontae
- **Láithreáin Líonta Talún Stairiúla-** Tá an Chomhairle tar éis liosta a dhéanamh de láithreáin stairiúla líonta talún mórthimpeall an chontae. Tá i gceist againn anois measúnú riosca a dhéanamh ar gach suíomh leis féin chun teacht ar chinneadh faoin tslí is fearr déileáil leis na suímh seo.
- **Cur i bhfeidhm Dlí an Fhuíll** Tá foireann naonúir ag an gComhairle bainteach le cur i bhfeidhm dlí an fhuíll agus ina measc siúd tá ceathrar Maor Bruscair. Soláthraíonn siad láithreach éifeachtach, infheicthe chun dul i ngleic le gníomhartha mídhleathacha bainteach le fuíoll agus le bruscair go mbíonn an fhoireann ag déileáil leo ar an láthair

agus ar phatról i ndiaidh obair an lae. Lé comhoibriú Oifig an GCT de chuid Dlí na Timpeallachta a chur i bhfeidhm agus leis An Garda Síochána cuireadh sraith de sheic-phointe ar na bóithre i 2006 chun súil a chaitheamh ar ghluaiseacht fuíll mhí-dhleathach.

- **Feithiclí ag Deireadh a Saoil (FDS).** Tháinig rialúcháin nua bhainistiú fuíll i bhfeidhm chun déileáil le feithiclí ag deireadh a saoil (FDS) i 2006. De réir na rialúchán seo theastódh ó na h-údaráis áitiúla clár comhlachta a dhéanamh “go mbeadh i gceist acu FDS a dhéanamh, a shuí, nó a chruthú le h-aghaidh athchúrsála. Ina theannta san tá de dhualgas ar an gComhairle ceadúnais fuíll a dháileadh chun Áiseanna Cóireála Údaraithe (ACU) a sholáthar do phróiseáil na FDS
- **Rialúcháin WEEE**
- **Rialúcháin Phacála-** Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh iniúchadh ar mhór-tháirgeoirí de bhruscar pacála chun féachaint bhfuilid ag cloí le Rialúcháin na Pacála. Roghnaigh comhlacht amháin féin-chlárú leis an gcomhlacht. Tá na príomh-tháirgeoirí eile mar bhaill de KEPAK

2 BAINISTÍOCHT FUÍLL

Lean Comhairle Chontae Uíbh Fháilí lena dhearcadh il-ghnéitheach i dtaobh dul i ngleic le truailliú gan dealramh mórthimpeall an chontae. Glacadh le beartanna tuisceana, cur i bhfeidhm agus eile chun athrú iompair a chur i bhfeidhm i ngach rannóg den daonra i dtaobh thruailliú agus cur de lámh mí-dhleathach. Bhí an ceathrar Maor Bhruscair broidiúil i bhforálacha Thruailliú Bhruscair a chur i bhfeidhm, mar shampla, gearáin faoi bhruscar a iniúchadh, faoi fheithiclí tréigthe agus faoi dhó sa chúl-chlós, agus araile. I 2006 déanadh 114 gearán leis na Maor Bhruscair agus socraíodh 100% nó dúnadh síos iad laistigh den dtréimhse seo. Tá Roinn Chomh-Shaoil na Comhairle ag comhoibriú leis na Ceantair chun deireadh a chur le roinnt spotaí dubha mórthimpeall an Chontae.

d’ Eisigh foireann na Comhairle 247 fíneáil ar-an-spota faoi réir Achta Truailliú Bruscair 1997 go 2003.

3 SMACHT AR THRUAILLIÚ AGUS BAINISTÍOCHT AR CHAIGHDEÁN AN UISCE

Tá an fhoireann Smachta Truailliú freagrach as cur i bhfeidhm Reachtaíocht Timpeallachta an Rialtais Áitiúil ins na gnéithe seo a leanas; aer, uisce, glór, agus crá croí. Tá ról ginearálta aige i monatóireacht agus i mbainistíocht chaighdeán an uisce. Gníomhartha speisialta a bhíonn ar ag an roinn seo is ea iniúchadh ar ócáidí truailithe uisce, ceadúnais do eisiltí chuig uisce agus chuig píobáin séarachais, ceadúnais a thabhairt do scaoileadh mór san aer, monatóireacht ar fhearais fhuíll-uisce ó bhailte, ar aibhneacha ag ar locha.

- **Rialúcháin Thruailliú Uisce agus Fosfair** - Buairt mhór é Truailliú uisce i gContae Uíbh Fháilí. Dá bharr sa tá a lán de obair fhoireann smachta truailithe tógtha suas leis an ngné sin. Ní rangáítear ach 37% de aibhneacha Uíbh Fháilí do bheith gan truailliú seacha 70% des na h-aibhneacha náisiúnta. Ina theannta san tá aibhneacha an Tulaigh Mhóir, Bhaile Philib agus na Figile ar na cinn is truailithe i dtéama mhéid an fhosfair iontu. Faoi Rialúcháin an Fosfair 1998 tá de dhualgas ar an gComhairle feabhas mór a chur ar caighdeán an uisce faoi 2007. Chuige sin, tá an Chomhairle tar éis foireann a chur le chéile chun clár cuimsitheach de iniúchadh feirmeacha, de cheadúnais le h-aghaidh eisilte agus de fhiosrúcháin thruailithe ghinearálta.
- **Treoir Fhráma-Oibre Uisce-** Tá trí aidhm ag an dtreoir seo:
 1. Stádas ard uisce a chothabháil aon áit atá sé.
 2. Cosc a chur le titim stádas an uisce mar a tá sé
 3. Dea-stádas do gach uisce um 2015 a fháil.

Tá Éire tar éis a bheith roinnte in ocht gcinn de Cheantair Abhantracha (CA) ag clúdach na tíre uile, de réir reachtaíocht nua timpeallachta an AE agus na hÉireann. Tá Comhairle

Chontae Uíbh Fháilí bainteach le trí CA, an Ceann Thoir, An Ceann Thoir Theas agus an tSionainn. Críochnóidh an chéad chéim den dtogra le Plean Dréachta Bhainistíocht Abhantracha do na ceantair i 2008.

Críochnaíodh Tuairisc Charachtair faoi réir Alt a 5 den d-Treoir i 2005 dos na CA, nna éagsúla. Tugann an tuairisc seo an chéad mheasúnú ar an mbrú agus ar na gnéithe atá mar bhagairt don uisce chun nach mbeidh ‘dea-stádas’ á fháil acu faoi 2015. Sa bhliain 2006, d’fhoilsigh na CA clár ama agus clár oibre a threoróidh sinn chun Pleananna Bainistíochta Abhantrach a dhéanamh. I mí na Nollag 2006 dhein an tAire Chomh-Shaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil clár mion-mhonatóireachta do gach uile uisce.

- **Monatóireacht ar ábhair chontúirteacha-** Tógadh samplaí agus tástáladh seacht gceantar thábhachtacha mórtimpeall an chontae le h-aghaidh ábhar contúirteacha. Fuarthas trí h-áit go raibh leibhéal na ciainíde os cionn an leibhéil cheadaithe de réir dlí agus beidh tuilleadh fiosrúchán chun an foinse a aimsiú agus a dhíothú.

4 SUÍMHRÉIGTHE AGUS FOIRGNIMH CHONTÚIRTEACHA

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag aithint suíomh chun a chur ar an gClár agus d’ordaíodar do shealbhóirí réitigh riachtanacha a dhéanamh ar áiteanna le fíor droch-chuma, tréigthe orthu.

5 ACHT SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS LEASA AG OBAIR

Chun ár ndualgais a chomhlíonadh i leith shláinte, shábháilteachta agus leasa ag obair d’earcaigh an Chomhairle a Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta féin i 2006, tar éis dóibh bheith ag obair ar bhonn roinnte le Comhairle Chontae Laoise roimhe seo. Sé ról an Oifigigh Shláinte agus Sábháilteachta comhairle a thabhairt don bhainistíocht agus don fhoireann ar gach rud a bhaineann le cúrsaí sláinte, sábháilteachta agus leasa san láthair oibre agus cultúr sláinte agus sábháilteachta a chothú tríd an eagraíocht.

I 2006 déanadh na gníomhaíochta seo leanas le linn na bliana:

- Aith-bhreithniú ar ghnéithe bainistíochta sláinte, sábháilteachta agus leasa laistigh de Údarás Áitiúla Uíbh Fháilí idir an leibhéal corparáidigh agus laistigh de gach rannóg oibre.
- Athbhreithniú agus athnuachan an Ráitis Sábháilteachta do Thuismitheoirí agus Ráiteas Breise Sábháilteachta don Suíomh Líonadh Talún agus Ionad Áise ag Doire Colúir, An Tulach Mór i gcomhairle leis an fhoireann áitiúil.
- Aontú ar Phlean Ghnímh chun bainistiú a dhéanamh ar chúrsaí sláinte, sábháilteachta agus leasa le linn oibreacha bóthair le cúlra seoladh reachtaíochta nua tógála i mí na Samhna.
- 90 iniúchadh sábháilteachta/cigireachta thar Bhóithre, Tithíocht agus Seirbhísí Sláintíocha.
- Seoladh córas tuairisce ar thionóisc-nach-mór, le tuairisc ar 11 ócáid a fiosraíodh.
- Páirt á ghlacadh i d-Tráth na g-Ceist ar Shábháilteacht agus ar Eolas Ginearálta, le linn Seachtain um Pháirt a ghlacadh i Seachtain na Sábháilteachta Lár Tíre de chuid na h-Eorpa, a bhí ar siúl i Mí na Samhna.

Tá leibhéal ginearálta na tuisceana i dtaobh shábháilteachta ag dul in airde i gcónaí. Tuairiscíodh 6 cinn de thionóiscí agus bhí ar 3 cinn díobh a bheith tuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilte. Bhí sé seo sa bhreis ar an mbliain roimhe sin (3 thionóisc/2 in-tuairiscithe).

Traenáil ar Shláinte agus ar Shábháilteacht

Tá traenáil ar Shláinte agus ar Shábháilteacht mar chuid mhór i gcónaí den gClár Traenála Bliantúil. Le linn 2006 cuireadh 30 cúrsa difriúla ar fáil a thóg suas 537 lá traenála. Bhí iomlán de 598 ball foirne ag freastal ar sheisiúin traenála bainteach le sábháilteacht, le meán-tinreamh de 86.5%.

6 SEIRBHÍS TRÉADLIA

Ceann de phríomh fhreagrachtaí Roinn na d-Tréad-lia ná seachada seirbhísí bainteach le ról na Comhairle mar ghníomhaire de Údarás Sábháilteachta Bia na h-Éireann. Ina leith seo, déanann foireann Chigire Thread Lia na Comhairle feitheoireacht ar sheamlais tí, ar dhéantús feola tí/ionaid phróiseála bia agus ar fheithiclí bia sa chontae ionas go ndeimhneofaí go bhfuilid ag cloí le rialúcháin sábháilteachta bia agus le caighdeáin an tsláinteachais. Déanadh monatóireacht ar ghnáthaimh agus ar choinníollacha i dtaobh marú ainmhithe/leas ainmhithe in ionaid le ceadúnais. Le linn na bliana déanadh próiseáil ar 2269 mart, 9373 caora agus 163 much don duine i seamlais tí i gContae Uíbh Fháilí.

• Smacht ar Ghadhair

Tá Seirbhís Mhaor Gadhair na Comhairle á rith ag CEFA, a sholáthraíonn an Maor Gadhair, chomh maith. Soláthraíonn an Chomhairle Póna na n-Gadhar, an fheithicil agus an t-Oifigeach Tréad Lia. Le linn 2006 dhírigh an Chomhairle ar bhailte nua a fháil do ghadhair ar strae nó do ghadhair nár theastaigh ó aoinne dá bhféadfaí. Ghlac na Botháin Smachta Gadhar le 465 gadhar ar strae/gan cara le linn na bliana. Astu seo fuair na h-úinéirí 49 gadhar ar ais, tugadh bailte nua do 110 eile agus cuireadh an chuid eile chun suain. Cheannaigh úinéirí gadhar 2,127 ceadúnas gadhar singil le linn na bliana seo caite.

• Smacht ar Chapail

Níl áis ag an gComhairle chun capaill choimeád faoi smacht agus baineann sí úsáid as Seirbhísí Údarás Áitiúil i gCill Chainnigh. Faoi réir ag Acht 1996 i leith Smacht ar Chapail ghabh/ghaibhnigh an Chomhairle trí chapall déag. Ní scaoiltear leis na capaill ach amháin de réir fho-dhlíthe na Comhairle faoi Smacht Capall agus tar éis táille a dhíol.

7 TÁSTÁIL SÍOHLAITHE

Déantar Tástáil Síothlaithe ar shuímh do thithe i gceantair thuaithe nach bhfuil córais séarachais iontu mar cheangal leis an bpróiseas Pleanála agus i dteannta leis an smachtú truaillithe luaite thuas.

Dhein an Rannóg Chomh-Shaoil 811 triail síothlaithe i 2006. Tar éis cead a fháil os na Baill i lár 2006, tá foireann faoi leith ceaptha anois chun déileáil le trialacha uile an tsíolaithe. Mar thoradh air seo táimid ag déileáil le gach iarratas laistigh de cheithre sheachtain.

8 REILIGÍ

Mar chuid dá bplean cúig-bhliana, faoi sholáthar reiligi nua, nó chun cur le cinn atá ann cheana, a ghlac an Chomhairle leis i 2003, cheannaigh an Chomhairle, trí mhargaíocht, talamh chun cur leis na reiligi ag An Oileán, i Raithean agus ag Éadan Doire le linn 2005. Tosaíodh ar an obair in Éadan Doire agus i Clóirtheach i 2006.

Ceannaíodh talamh le h-aghaidh reilige nua molta i g-Cluain Mhic Nóis.

9 SÁBHAILTEACHT UISCE

• Linnte Snámh

Thosaigh thuas-ghrádú na linne snámh Biorra i 2006 ar chostas iomlán €2.27 m. go bhfuil Comhairle Chontae Uíbh Fháilí ag soláthar €280,000.00 de. Dhein An Chomhairle aighniú don Roinn Turasóireachta, Spóirt agus Fóillíochta chun tacú le h-iarratas ó Choiste Chumann Snámh Biorra ar chistíocht de €1.3 m. do athchóiriú na linne ag Biorra agus do cheadaigh an Roinn é sin i 2005. Mhol an Chomhairle cabhair mhaoinithe leis de €500,000 do Linn Snámha An Tulaigh Mhóir a bhí le bheith díolta i 2006.

Cruinnithe Coiste Polasaí Straitéiseach (CPS) Timpeallachta—2006

Bhí trí cinn de chruinnithe ag Rannóg na Timpeallachta i 2006.

Thaobhaigh Comhairle Uíbh Fháilí le tograí ins na h-áiteanna seo a leanas i 2006.

<u>Togra</u>	<u>Deontas na Comhairle</u>
1. Deontais Timpeallachta	€28,044-00
2. Comórtas Eastát Slachtmhar Thulaigh Mhóir	€2,000-00
3. Deontais Fhrith-Bhruscair	€15,000-00
4. Scoileanna Glasa, siopaí oibre & comórtais	€8,000-00
5. Clár Áitiúil 21 Deontas Ciste Timpeallachta	€14,244-00
6. Bailiúcháin Fuíoll Contúirteach Tí	€25,000-00
7. Feachtas Timpeallachta na Meán-Radio 3 Lár Tíre	€10,000-00
8. Feachtais Náisiúnta (m.sh. Feachtas Nollag Glaise)	€5,500-00
9. Seimineáir Fhuíoll Ghnó	€4,000-00
10. Scéim Bhailiúcháin boscaí plaisteacha ón bhfeirm	€14,000-00
11. Litríocht & Nuacht litir na Timpeallachta	€15,000-00

TÁSCAIRÍ NA SEIRBHÍSÍ		2004	2005	2006*
E: Seirbhísí Timpeallachta				
Uisce				
E.1	% leaba na h-abhann gan truailliú			
	% leaba na h-abhann atá beagán truaillithe			
	% leaba na h-abhann atá truaillithe ábhairín.			
	% de leaba na h-abhann atá truaillithe go dona			
E.2	% de thorthaí anailíse uisce in-ólta atá de réir riachtanas reachtúla i dtaobh scéimeanna poiblí			
	% de thorthaí anailíse uisce in-ólta atá de réir riachtanas reachtúil i dtaobh scéimeanna príobháideacha (nuair is iomchuí)			
Seirbhís Tine				
E.3	An t-am a thógann sé, ar an mheán, briogáidí tine a shlógadh, i stáisiúin lán-aimsire	n/a/f	n/a/f	n/a/f
	An t-am a thógann sé, ar an mheán, briogáidí tine a shlógadh, i stáisiúin páirt-aimsire	5.5	5.64	5.26
E.4	% de thinreamh ag ócáidí ina raibh an chéad tinreamh ann laistigh de 10 nóiméad	56.68	58.6	53.9
	% de thinreamh ag ócáidí ina raibh an chéad tinreamh ann laistigh de 20 nóiméad	34.48	36.97	35.93
	% de thinreamh ag ócáidí ina raibh an chéad tinreamh ann i ndiaidh 20 nóiméad	8.84	4.43	10.17
E.5	Cosc ar Thine			
	Líon iomlán na n-iarratas faighte le h-aghaidh teastas sábháilteacht tine	125	128	153
	Líon iomlán na n-iarratas teastas sábháilteacht tine próiseáilte	107	126	156
Bainistíocht Fhuíll				
E.6	% na dteaghlach le bailiúchán fuíll scartha ar fáil dóibh	n/a/f	n/a/f	n/a/f
E.7	% den bhfuíoll teaghlaigh athchúrsáilte	14.3	18.14	20.02
	i dtonnaí		2756	2685
E.8	% den bhfuíoll teaghlaigh a theann chuig líonadh talún	85.7	81.86	79.77

	i dtonnaí		12,438	10,591	
E.9	Líon na suíomh inghlactha le h-áis athchúrsála do ghloine	39	48	46	
	Líon iomlán Suíomh áiseanna Sibhialta le h-áiseanna do athchúrsála gloine	2	3	3	
	Líon iomlán na n-áiseanna athchúrsála le h-áiseanna do athchúrsála gloine	41	51	49	
	Líon na suíomh per 5000 daonra le h-áiseanna do athchúrsála gloine	3	4	3.5	
	An fuíoll i dtonnaí bailithe do athchúrsáil gloine per 5000 duine	43	80	58.56	
	Líon na suíomh inghlactha le h-áiseanna athchúrsála do channaí	38	48	46	
	Líon na suíomh áiseanna sibhialta le h-áiseanna athchúrsála do channaí	2	3	3	
	Líon na suíomh athchúrsála le h-áiseanna athchúrsála do channaí	40	51	49	
	Líon na suíomh per 5000 duine le h-áiseanna athchúrsála do channaí	3	4	3.5	
	Fuíoll i dtonnaí bailithe do athchúrsála cannaí per 5000 duine	1	4	2.34	
	Líon na suíomh inghlactha le h-áiseanna athchúrsála do theicstílí	6	6	6	
	Líon na suíomh inghlactha le h-áiseanna athchúrsála do theicstílí	0	2	2	
	Líon iomlán na suíomh le h-áiseanna athchúrsála do theicstílí	6	8	8	
	Líon na suíomh per 5000 duine le h-áiseanna athchúrsála do theicstílí	0	2	.56	
	An Fuíoll i dtonnaí bailithe do athchúrsáil teicstílí per 5000 duine	1	7	6.91	
	Líon na suíomh inghlactha le h-áiseanna athchúrsála do chadhnaí	Nil	Nil	Nil	
	Líon na suíomh áiseanna Sibhialta le h-áiseanna athchúrsála do chadhnaí	1	2	2	
	Líon iomlán na suíomh le h-áiseanna athchúrsála do chadhnaí	1	2	2	
	Líon na suíomh per 5000 duine le h-áiseanna athchúrsála do chadhnaí	0	2	.14	
	An fuíoll i dtonnaí bailithe do athchúrsáil cadhnaí per 5000 duine	1	4	.945	
	Líon na suíomh inghlactha le h-áiseanna athchúrsála do ola	Nil	Nil	Nil	
	Líon na suíomh inghlactha le h-áiseanna athchúrsála do ola	1	2	2	
	Líon iomlán na suíomh le h-áiseanna athchúrsála do ola	1	2	2	
	Líon na suíomh per 5000 le h-áiseanna athchúrsála do ola	Nil	Nil	.16	
	An fuíoll i dtonnaí bailithe do athchúrsáil ola per 5000 duine	1	0	.458	
	Líon na suíomh inghlactha le h-áiseanna athchúrsála do chatagóirí eile	3	0	0	
	Líon na suíomh áiseanna Sibhialta le h-áiseanna athchúrsála do chatagóirí eile	2	3	3	
	Líon iomlán na suíomh le h-áiseanna athchúrsála do chatagóirí eile	5	3	3	
	Líon na suíomh per 5000 duine le h-áiseanna athchúrsála do chatagóirí eile	0	3	.212	
	An fuíoll i dtonnaí bailithe le h-aghaidh athchúrsála per 5000 duine	55	61	79.28	

Cosc ar Bhruscar agus For-Fheidhmiú na Timpeallachta					
E.10	<i>Bruscar</i>				
	Líon iomlán na maor bruscair lán –aimsire	2	4	4	
	Líon iomlán na maor bruscair páirt aimsire	2	1	1	
	Líon iomlán na maor bruscair (idir lán agus páirt aimsire) per 5000 duine	0	.63	.63	
	Líon na bhfinéal ar-an-spota	155	131	247	
	Líon na gcás tógtha toisc gan fíneáil ar-an-spota gan a bheith díolta	9	6	27	
	Líon na gcúiseanna buaite	2	14	7	
	% na gceantar faoi smacht na n-údarás áitiúil nach bhfuil truaillithe (eadhon gan bruscar)	9	3%	1.3%	
	% na gceantar faoi smacht na n-údarás áitiúil atá truaillithe an-bheagán le bruscar	32	61%	35.8%	
	% na gceantar faoi smacht na n-údarás áitiúil atá truaillithe beagán le bruscar)	41	27%	53.0%	
	% na gceantar faoi smacht na n-údarás áitiúil atá truaillithe go maith le bruscar	14	5%	9.3%	
	% na gceantar faoi smacht na n-údarás áitiúil atá truaillithe go náireach le bruscar	4	4%	0.7%	
E.11	<i>Gearáin faoin d-Timpeallacht agus For-Fheidhmiú</i>				
	Líon iomlán na gcás go raibh gearáin fúthu i dtaobh thruailliú na timpeallachta (bainteach le fuíoll, le bruscar, le truailliú uisce, le truailliú fuaime agus le truailliú aeir)	285	460	469	
	Líon na ngearán fiosruithe	285	460	469	
	Líon na ngearán caite amach	20	0	0	
	Líon na ngnáthamh for-fheidhmithe tógtha	255	68	128	
E.12	% na m-Bun Scol ag glacadh páirt i bhfeachtais timpeallachta	44%	53%	64%	
	% na Meán Scol ag glacadh páirt i bhfeachtais timpeallachta	41%	72%	78%	

* Tá na figiúirí d0 2006 sealadach

Seirbhís Tine

Glaonna

Uimhir na d-Turas Amach	Uimhir na n-ócáidí	uimhir na d-Tinte	Uimhir na Simléir	Uimhir na T.B
938	811	600 (ina bhfuil 58 lasmuigh de Chontae Uíbh Fháilí	311 52% de thinte 38% de ghlaonna	143 de ghlaonna

Léiríonn na sonraí thuas luaithe na h-ócáidí gur fhreastail na briogáid dóiteáin in Uíbh Fháilí orthu i 2006. Bhí méadú ar na h-ócáidí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin: bhí méadú de 11% ins na ghlaonna,

ach ar deireadh thiar thall tá dealramh ar an scéal go bhfuil feabhas ar ghné amháin- i 2006 níorbh b' fhiú trácht ar an méadú ar na tinte simléir. Tá na tinte simléir mar 38% des na glaonna agus na timpistí bóthar, a bhíodh tráth ina chuid an-bheag de gnóthaí an bhriogáid dóiteáin, tá siad anois mar 18% (beagnach 1 as 5) des na h-ócáidí uile.

Agus, faraor, ar a shon go raibh roinnt bás agus droch-ghortaithe de bharr timpistí tráchta bóthar ní raibh aon bhás de bharr thine i 2006.

Tá an tSeirbhís Thine ag comhoibriú i gcónaí, leis an Seirbhís (FSS) Otharcharr agus leis na Gardaí atá á dtraenáil agus ag ullmhú do éigeandála, agus glacfaidh siad páirt i gcomh-chleachtadh sa bhliain amach romhainn.

Tionscadal Caipitil

Bhí an stáisiún dóiteáin nua in Éadan Doire geall le bheith críochnaithe i 2006 agus déanfar é a oscailt go hoifigiúil i 2007. Tógadh dhá fhearas nua, chomh maith i 2006- Fearas Tine amháin agus Leantóir Éigeandála amháin, go mór mhór chun freastail ar an méadú ins na timpistí tráchta bóthar. Beidh an Leantóir Éigeandála (LÉ) lonnaithe in Éadan Doire go ndéanann a bhriogáid freastail ar gheall le 50 timpistí/glaonna speisialta in aghaidh na bliana.

Rang 2006: Earcaigh nua ag fáil a ndintiúirí i Stáisiún an Tulaigh Mhóir

Cosc Tine

Déanann an tSeirbhís Dóiteáin cigireachta go príomha faoin Acht Seirbhíse Tine 1981 agus 2003 agus faoin Acht Rialaigh Tógála 1990. Déantar freisin iad faoi réir na nAchtanna Pleanála, Acht Hallaí Rince 1935, Achtanna Chearrbhachais agus Chrannchuir, Acht na b-Pléascán (Taispeántais Thinte Ealaíne agus Ceadúnais Ghunnaí), Acht na Substaintí Dainséaracha (Stáisiún Pheitрил) agus Achtanna Sláinte (teacht le chéile do dhrámaí agus do cheolchoirmeacha).

Pleanáil: i 2004 déanadh cigireacht ar 293 baill áitribh (10% de mhéadú ar an mbliain roimhe sin) faoi reachtaíocht pleanála (go raibh 23 díobh do Chomhairle Bhaile Biorra agus 29 do Chomhairle Bhaile an Tulaigh Mhóir) déanadh 156 Teastais Sábháilteachta Tine a phróiseáil, méadú de 26% ar an mbliain seo chaite.

Tugadh comhairle faoi Shábháilteacht Thine dos na scoileanna agus do bhainisteoirí chóimeála agus dá bhfoireann. Tugadh cabhair, freisin, do bhainisteoirí déantúsaíochta agus tráchtála agus a gcuid foireann chun tús a chur le cleachtaí sábháilteachta. Ghlac an tSeirbhís an deis freisin ag na seimineáir nuair a bhí tithe na n-údarás áitiúil a dháileadh amach chun moltaí faoi shábháilteacht thine a thabhairt do úinéirí na dtithe nua. Buaileadh le Grúpaí Gníomhaíochtaí an Phobail agus tugadh comhairle sábháilteachta dóibh.

Iomlán an Airgeadais 2006

Caiteachas na bliana

Ioncam

Ioncam Theastais Shábháilteacht Tine

I 2006 scor Tony Colville

€3,325,

€292,

€3,756,

leis an Seirbhís Tine tar éis

